

# Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí

Leabharlanna Átha Cliath Theas
Plean Forbartha
2023 - 2027

**Ag Fuinniú, Ag Spreagadh, Ag Cruthú, Ag Athbheochain & Ag Cumasú**

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**

*"Is féidir sláinte ár sibhialtachta, méid ár bhfeasachta ar bhunchlocha ár gcultúir agus ár n-imní don todhchaí a thástáil le cé chomh maith agus a dtacaímid lenár leabharlanna."*

**Carl Sagan**

# Clár na nÁbhar


**Fáilte chuig Plean Forbartha Leabharlanna Átha Cliath Theas 2023 -2027** 4

Teachtaireachtaí 6

Fáilte 9

**Forbhreathnú ar an bPlean** 11

**Súil siar ar na 5 bliana deiridh** 14

Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí i gComhthéacs 17

**Ár gCuspóir agus Ár nAidhmeanna** 19

**Ár bPríomhthorthaí agus ár nGníomhartha** 21

Ár bPlean Forbartha Uileghabhálach 22

Crainn Taca Leabharlanna Átha Cliath Theas 23

Príomhréimsí Forbartha 2023 - 2027 24

**Réimse Forbartha 01:** Ár bPobal a Leathnú 25

**Réimse Forbartha 02:** Brí a chur inár mBailiúcháin 27

**Réimse Forbartha 03:** Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt 29

**Réimse Forbartha 04:** Ár Spásanna Fisiciúla agus Fíorúla a Athnuachan 31

**Réimse Forbartha 05:** Ár bhFoireann a Chumasú & a Chumhachtú 33

**Bí Páirteach** 35

**Próiseas Comhairliúcháin** 38

# Fáilte chuig Plean Forbatha Leabharlanna Átha Cliath Theas 2023-2027


















# Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí

# An Comhairleoir Emma Murphy

**Méara Chomhairle Contae Átha Cliath Theas**



Le cúig bliana anuas choinnigh an tseirbhís leabharlainne i mBaile Átha Cliath Theas lena a cuid seirbhísí a fhorbairt. D'fhan an tseirbhís bríomhar agus ábhartha i gcónaí tríd an bpaindéim agus chruthaigh solúbthacht ár bhfoirne deis athailínithe dóibh d'fhonn tacaíocht a thabhairt dár saoránaigh sa réimse fíorúil agus ar líne.

Agus muid ag fágáil laethanta dorcha na paindéime inár ndiaidh agus ag plé arís lenár saoránaigh, tá an tseirbhís i ndiaidh a háit laistigh dár bpobail a athbheochan. Baintear an-úsáid as na leabharlanna nua i gCaisleán Thigh Motháin, i dTuaisceart Chluain Dolcáin agus as flít nua na leabharlann soghluaiste, agus tá luchtanna freastail ar imeachtaí leabharlainne ar fud an líonra ar ais ag leibhéil réamhphaindéimeacha agus go deimhin níos mó. Leagann an Plean Forbartha Leabharlainne nua seo amach an treo a bhfuil sé beartaithe ag an tseirbhís leabharlainne dul. Leagann sé amach cuspóirí inláimhsithe a forbraíodh trí chomhairliúchán poiblí, ionchur fhoireann na leabharlainne, chomh maith le tuairimí ionadaithe poiblí. Féachann an plean seo le béim a leagan ar an gcaoi a leanfaidh leabharlanna ar aghaidh le bheith rannpháirteach, inspioráideach, agus ár saoránaigh agus ár bhfoireann a chumasú. Leagann sé béim ar a thábhachtaí is atá sé ár n-oidhreacht áitiúil a choimeád agus a chruthú, d'fhonn a chinntiú go mbeidh pointe tagartha ag pobail as seo amach agus iad ag iarraidh eolas a fháil ar stair an cheantair ina bhfuil siad ina gcónaí, ag obair nó ag staidéar. Leagann sé béim freisin ar fhorbairt leanúnach seirbhísí nua agus feabhsaithe agus ar fhanacht suas chun dáta ar theicneolaíochtaí nua, ag cinntiú go bhfuil an fhoireann oilte chun freastal ar riachtanais i gcomhthéacs atá ag síorathrú.

Tá leabharlanna mar chrann taca dár bpobal, ag soláthar seirbhíse atá cothrom do chách, agus is iad a foireann an scafall a thacaíonn leis an tseirbhís. Cuireann ár leabharlanna an tairiscint inbhuanaithe is fearr ar fáil .i. leabhair atá léite cheana féin a athléamh, agus mar a dúirt Stephen Fry "leabhar leabharlainne, sin leabhar sona dar liom".

Mar Mhéara Átha Cliath Theas ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le foireann na leabharlainne agus le Leabharlannaí an Chontae as an bplean uaillmhianach agus táim ag tnúth le mo chaidreamh leanúnach féin a chruthú leis an tseirbhís iontach seo.



# Daniel McLoughlin

**Príomhfheidhmeannach**

Tá lúcháir orm "Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí", Plean Forbartha Leabharlanna Átha Cliath Theas 2023-2027 a chur i láthair. Leagann an plean amach an creat a bheidh ina chrann taca le dearadh agus le forbairt ár seirbhís leabharlainne do na cúig bliana amach romhainn. Is í ár n-uaillmhian dár gContae go n-aithneofar é mar áit a bhfuil ár bpobail bródúil as, áit inar féidir lenár ngnóthaí dul ó neart go neart, agus inar féidir linn saolta níos sláintiúla, níos inbhuanaithe agus níos sásta a chaitheamh. Chun an uaillmhian sin a bhaint amach, teastaíonn comhleanúnachas pobail agus oiriúnú don athrú i réimsí cosúil le gníomhú ar son na haeráide agus digitiú. Soláthraíonn leabharlanna, mar spásanna pobail meán le haghaidh comhleanúnachais, deis don digitiú, ardán chun foghlaim faoi cheisteanna a mbíonn tionchar mór acu ar shaol laethúil ár bpobail. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí ceaptha chun taithí agus riachtanais ár bpobail a chur chun tosaigh.

Le dhá bhliain anuas, bhí leabharlanna poiblí agus údaráis áitiúla inchurtha leis na dúshláin bainteach le saincheisteanna domhanda, amhail paindéim Covid-19 agus tionchar an chogaidh san Úcráin. Leanann ár leabharlanna ar aghaidh ag cur raon leathan seirbhísí ar fáil atá saor in aisce agus inrochtana ach chomh maith leis sin spásanna iontaofa cultúrtha agus daonlathacha tábhachtacha a chruthaíonn deiseanna oscailte cuimsitheacha foghlama agus comhoibrithe.

Le cúig bliana anuas tá infheistíocht shuntasach déanta i mbonneagar na leabharlainne le leabharlanna nua tógtha chun freastal ar phobail Chluain Dolcáin Thuaidh agus Chaisleán Thigh Motháin, agus le hinfheistíocht i bhflít na leabharlann soghluaiste tá forbairt déanta ar an tseirbhís mar ghníomhaire réamhghníomhach um rannpháirtíocht pobail agus mar thionscnóir don seirbhís leabharlainne agus don údarás áitiúil.

Sna cúig bliana amach romhainn féachann an plean seo le tábhacht ár seirbhís leabharlainne a choinneáil mar fhórsa imeasctha laistigh de na pobail ar a bhfreastalaíonn siad, ian oscailte agus ioncuimsitheach, iad ina n-ionaid foghlama chomh maith le tionscnóirí agus gníomhairí an athraithe. Tá súil againn an tseirbhís a leathnú le leabharlanna nua i mBaile Adaim agus in Iarthar na Cathrach, agus pleananna a chur chun cinn chun an tseirbhís a leathnú in iarthar agus i ndeisceart an chontae de réir ár bplean Forbartha Contae.

Tá sé mar aidhm ag ár seirbhís leabharlainne a bheith ina heiseamláir don méid is féidir le leabharlanna poiblí a bheith i dtéarmaí rannpháirtíochta, ábharthachta, nuálaíochta agus tionchair. Braithfidh rathúlacht an phlean ar rannpháirtíocht ghníomhach ár bpobail, ár mball, ár bhfoireann, ár mbainistíocht agus ár gcomhaltaí tofa. Ba mhaith liom man deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo siúd go léir a ghlac páirt sa chéim taighde agus comhairliúcháin i rith shamhradh 2022. Táim lánchinnte go gcruthóidh an plean seo fás leanúnach ar sheirbhís leabharlainne Átha Cliath Theas thar na cúig bliana amach romhainn agus go gcuirfidh sé le cumas na seirbhíse freagairt do riachtanais an phobail as seo amach.

# Paul Fusco

**Leabharlannaí an Chontae**



Tá athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an tseirbhís leabharlainne ó glacadh lenár bplean forbartha deireanach. Bhí forbairtí seirbhíse pleanáilte, mar shampla leathnú ar Mo Leabharlann Oscailte agus an t-aistriú go catalóg náisiúnta roinnte um leabharlanna poiblí, chomh maith le nuálaíochtaí seirbhíse agus athruithe ar iompar úsáideoirí de bharr phaindéim Covid-19. Ní mór go n-athróidh an tslí ina gcaitheann agus ina pléann an tseirbhís leabharlainne bpobail freisin má táimid chun fanacht ábhartha agus seirbhís a sholáthar a tharraingíonn aird na mball agus na neamhbhall araon i measc na roghanna iomadúla atá acu chun a gcuid ama saor a chaitheamh.

Agus an plean seo á dhréachtú againn, ghlacamar le cur chuige deartha dírithe ar an duine chun na dúshláin atá romhainn a thuiscint agus a shainiú. Cuireann an plean straitéisí léargais chun cinn a thugann muid ón áit reatha ina bhfuilimid, go dtí an áit ina bhfuilimid ag iarraidh a bheith. Chuige sin, is doiciméad éifeachtúil straitéise é ina n-aithnímid ár láidreachtaí agus na réimsí fócais le haghaidh forbartha, agus ina n-ainmnímid na dúshláin atá romhainn i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda araon.

Cuireann an plean seo agus tá gnéithe coiteann aige le Plean Forbartha Contae Átha Cliath Theas, agus an Straitéis Chruthaitheach agus Chultúrtha, chomh maith le straitéisí náisiúnta forbartha um leabharlanna poiblí. Tá se ag teacht freisin lenár straitéis Seirbhíse Poiblí 2020, le Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030, agus leis na “Prionsabail Deartha don Rialtas” atá nuafhoilsithe.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh leis an bplean seo, lenár mbaill, lenár bhfoireann, lenár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta, lenár gcomhaltaí tofa, agus leis na neamhúsáideoirí a thug léargais luachmhara le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne Trevor Vaugh agus an fhoireann ag ThinkActionable a threoraigh muid tríd an gcur chuige treoraithe ag dearadh maidir le forbairt straitéise.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann uile Leabharlanna Átha Cliath Theas, ní amháin as an díograis lena chuir siad leis an bplean seo, ach as an tiomantas agus as an cruthaitheacht a thugann siad dá gcuid oibre. Is mar gheall orthusan a bhfuilimid chomh réidh sin an plean nuálach agus uaillmhianach seo a sheachadadh ar son ár bpobal.

# Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí

*“Anois seo mo dhúshlán daoibh go léir. Tá a fhios agam go bhfuil go leor agaibh i mbun gníomh éigin cheana féin, ach caithfimid go léir deich n-oiread níos mó a dhéanamh. Cad iad na bealaí inar féidir le leabharlannaithe aghaidh a thabhairt ar an dúshlán agus a bheith mar chuid den chomhghníomh a bhí an tArd-Rúnaí ag iarraidh chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do dhaoine agus don phláinéid?*

*…Conas is féidir leat timpeallacht chumasaithe a chruthú chun an comhrá ríthábhachtach seo a thosú? Conas is féidir leat daoine óga a spreagadh le bheith nuálaíoch? Conas is féidir leat eolas a úsáid chun daoine a spreagadh? Conas is féidir leat comhghníomhaíocht ar son athraithe a spreagadh?”*

**Mary Robinson**
Ag labhairt di ag an gComhdháil
Domhanda Leabharlainne
agus Faisnéise 2022

# Réamhrá

**Fáilte go Plean Forbartha Leabharlanna Átha Cliath Theas 2023 - 2027. Tá an plean seo uaillmhianach, cróga agus nuálaíoch maidir leis an gcaoi ar forbraíodh é, an treo a bhfuil sé ag iarraidh ár leabharlanna a stiúradh agus an tionchar a chreidimid a bheidh aige.**

D'iarr ceannairí ó ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain ar eagraíochtaí níos mó a dhéanamh maidir le tabhairt faoi agus freagairt do chuid de na dúshláin iomadúla atá roimh ár bpobail, ár sochaithe agus ár bpláinéad sa lá ata ann inniu. Bhí ról tábhachtach i gcónaí ag an leabharlann sa tsochaí agus ag freagairt dá riachtanais. Anois níos mó ná riamh, tá an pobal agus an tsochaí ag iarraidh go mbeidh an leabharlann le bheith nuálaíoch, go n-oibreoidh sí níos déine, agus go n-úsáidfidh a háit i gcroílár an phobail chun a gcuid riachtanas a thuiscint, a éascú agus go bhfreagróidh sí dóibh. Leagann an Plean Forbartha seo cur chuige nua amach maidir le húsáid chumhacht an eolais, an phobail, na hinspioráide agus na fírinne a bhfuil an-mhianach inár n-earnáil.

Aithníonn an plean forbartha seo na príomhdhúshláin agus na príomhléargais ar a thángamar le linn ár gcuid oibre taighde agus ár gcomhairliúcháin chríochnúil, agus leagann sé amach an straitéis agus na cláir oibre do Leabharlanna Átha Cliath Theas do na cúig bliana amach romhainn. Cuimsíonn an doiciméad seo ráiteas uaillmhianach do Leabharlanna Átha Cliath Theas, príomhréimsí forbartha ina ndíreoimid agus ina sonraímid na cumais agus an cheannaireacht a bheidh ag teastáil uainn le go n-éireoidh linn. Tá an straitéis seo ceaptha chun go mbeidh an leabharlann níos ábhartha, níos nuálaí agus chun í a chur in áit níos fearr chun an tionchar is mian linn a imirt.

Le linn na tréimhse seo ina bhfuil athruithe tapa sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíocha ag tarlú, agus go leor mórdhúshlán roimh ár bpobail agus ár ndomhan, feicimid gur am tábhachtach é seo don tseirbhís leabharlainne freagairt ar na hathruithe agus ar na dúshláin seo.

Tá an plean forbartha 2023 - 2027 ar cheann de na cinn is tábhachtaí a chruthaíomar riamh. Cruthaíonn sé bealach chun athmhachnamh a dhéanamh ar cad í go baileach í an leabharlann, cén fáth a bhfuil sí ann agus cad is féidir léi a dhéanamh chun a páirt a ghlacadh in aimsir athraithe agus deiseanna gan fasach.

Forbraíodh an plean forbartha seo ón mbonn aníos. Agus é á chruthú againn chuireamar ceisteanna nua, labhraíomar le daoine nua, lorgaíomar aiseolas ar bhealaí nua agus cuirimid ár dtorthaí i láthair i bhformáid nua. Is 'doiciméad beo' é seo agus trasna ár ndúshláin agus ár léargais aitheanta tugaimid deis dár bpobal smaointe a chur isteach agus  deis oibriú linn ar an tasc tábhachtach atá romhainn. Creidimid go láidir go dteastóidh ár leabharlanna amach anseo, agus chun go n-éireoidh linn, ní mór dúinn éabhlóidiú agus comhchruthú lenár bpobal.

I mbliana ag an gComhdháil Dhomhanda Leabharlainne agus Faisnéise, rinne iar-uachtarán na hÉireann Mary Robinson glaoch fonnmhar ar leabharlanna tuilleadh a dhéanamh agus "timpeallacht chumasaithe a chruthú chun an comhrá ríthábhachtach seo a thosú". Tá sé le feiceáil i bPlean Forbartha Leabharlanna Átha Cliath Theas 2023 - 2027, go bhfuilímid ag dul i ngleic leis an dúshlán seo mar go bhfuil ról tábhachtach ag ár leabharlanna maidir lenár bpobail a chur ar an eolas, a spreagadh agus a chumasú don todhchaí.



# Forbhreathnú ar an bPlean

**Tagann an plean forbartha seo ag am ina bhfuil an-athrú, dúshlán agus éiginnteacht le sonrú i measc ár bpobal, sa tsochaí agus sa domhan. Agus muid ar fad ag cur ceiste ar an ról is féidir linn a imirt chun todhchaí níos fearr a chinntiú, leagann an doiciméad seo amach plean uaillmhianach maidir lena mbeidh le déanamh ag Leabharlanna Átha Cliath Theas thar na cúig bliana atá romhainn chun ár bpáirt a imirt. Baineann an plean forbartha seo go ginearálta le nuálaíocht *san am i láthair* chun a chinntiú gur féidir linn páirt a ghlacadh chun ár dtodhchaí a chinntiú.**

Chun plean uaillmhianach agus éifeachtach a chur i bhfeidhm, ní mór dúinn tuiscint a fháil ar dtús ar ár gcuspóir:

**Táimid ann chun muintir Bhaile Átha Cliath Theas a spreagadh, a thacú agus a chumasú le maireachtáil, le foghlaim agus le bheith faoi bhláth. Déanaimid é seo trí chonstaicí ar eolas agus ar fhaisnéis a bhaint. Trí spás a chruthú chun smaoineamh, labhairt agus iniúchadh a dhéanamh agus trí bheith ann má agus nuair a bhímid ag teastáil. Beidh tionchar ag an méid a dhéanaimid mar leabharlann anois ar ár dtodhchaí go léir.**

Chun ár gcuspóir a bhaint amach, chruthaíomar an plean seo le cur chuige deartha neamhthraidisiúnta, duine-lárnach agus é á fhorbairt againn. Trí agallaimh eitneagrafaíochta domhain le húsáideoirí agus le neamhúsáideoirí, trí chomhairliúchán brainse, trí shuirbhéanna poiblí agus foirne ar mhórscála, agus trí sheisiúin idéú cruthaitheacha, sainaithníodh 10 bpríomhthéama dúshláin agus léargais;

## Príomhdhúshláin agus léargais

1. **Oileáin bheaga chomhleanúnachais**
2. **Rannpháirtíocht thar phríom -dhéimeagrafaic**
3. **Fadhbanna a réiteach i gceart, ach an iad na fadhbanna cearta iad?**
4. **An leas is fearr a bhaint as am saor luachmhar**
5. **Ciontacht & faitíos a bheith mar chonstaic do neamhúsáideoirí**
6. **Is breá le baill foirne leabharlanna, is breá le baill leabharlanna**
7. **Ag iarraidh gach duine a shásamh**
8. **Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a shuíomh**
9. **Ar imeall 'cool', ach níl siad go baileach ar fad ann**
10. **Lucht oibre atá breá sásta agus ag fanacht**

Tá na dúshláin agus na léargais seo sonraithe ar fud an doiciméid seo agus beidh siad mar bhonn lenár ngníomhartha sna cúig bliana amach romhainn. Chun rath an phlean forbartha seo a chinntiú agus a chur i bhfeidhm a stiúradh, glacfaidh príomhbhaill de bhainistíocht Leabharlanna Átha Cliath Theas ról mar 'Crann Taca.' Clúdóidh na Crainn Taca SDL seo na réimsí seo a leanas: Comhshaol & Inbhuanaitheacht, Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú ,

Nuálaíocht & Cruthaitheacht, Litearthacht & an Ghaeilge, For-rochtain & Rannpháirtíocht agus Oidhreacht & Comhfhorbairt Áite

Agus na príomhdhúshláin, léargais agus seisear curaidh SDL sainaitheanta, aithníodh cúig phríomhréimse forbartha:

### 1. Brí a chur inár mBailiúcháin

Ag tógáil ar na scileanna taighde, agus an mórphaisean i leith leabhar agus eolas atá ag ár bhfoireann leabharlainne, aithneoimid bealaí nuálacha cruthaitheacha chun ár mbailiúcháin a bhainistiú, a choimeád agus a dhéanamh níos inrochtana dár mbaill.

### 2. Ár bPobal a Leathnú

Freastalaíonn an leabharlann go príomha ar na daoine is sine agus is óige inár bpobail. Oibreoimid chun baill nua a mhealladh agus freastal níos fearr a dhéanamh orthu, go háirithe déagóirí agus daoine fásta óga. Is cohóirt thábhachtacha iad seo mar go bhfuil siad spreagtha chun an t-athrú a theastaíonn uainn sa tsochaí a bhaint amach agus tabharfaidh siad fuinneamh nua chuig ár gcraobhacha.

### 3. Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt

Mar údarás áitiúil óg a bhfuil daonra atá ag fás agus meascán d'ionaid uirbeacha seanbhunaithe agus nua aige, aithníonn Leabharlanna Átha Cliath Theas a ról maidir le hoidhreacht ár gcontae a chruthú chomh maith lena coimeád.

### 4. Ár Spásanna Fisiciúla agus Fíorúla a Athnuachan

Tá riachtanais spásúla agus fhíorúla ár gcomhaltaí ag forbairt agus tá ár neamh-úsáideoirí ag roghnú roghanna eile atá níos mealltaí. Oibreoimid lenár mbaill agus lenár bpobal chun a chinntiú go bhfuil ár spásanna ní hamháin compordach, feidhmiúil agus mealltach, ach go bhfuil siad álainn freisin agus go léireoidh siad go n-éistimid le agus go dtuigimid riachtanais ár bpobal éagsúil.

### 5. Ár bhFoireann a Chumasú

Creideann ár bhfoireann go diongbháilte sna leabharlanna agus i bhfreastal ar an bpobal. Tá siad cruthaitheach agus eolach agus ní mór dúinn oibriú chun a chinntiú go bhfuil sé de chumhacht acu ár leabharlanna a dhéanamh níos fearr agus níos láidre.

## Struchtúr an Phlean Forbartha

Is deis iontach í an phleanáil forbartha chun an t-am i láthair a thuiscint agus chun an todhchaí a fhiosrú go cruthaitheach. Trí chur chuige deartha duine-lárnach a ghlacadh, chruthaigh próiseas dian forbartha deis don fhoireann forbartha chun tuiscint dhomhain a fháil ar na fíordhúshláin a gcaithfear dul i ngleic leo, chun roghanna tábhachtacha a dhéanamh faoi na réimsí ar cheart díriú orthu agus oibriú orthu chun treo bríoch agus éifeachtúil a thógáil amach anseo do Leabharlanna Átha Cliath Theas.

Tá an plean forbartha seo bunaithe ar cheithre phríomhcheist a fhreagairt, agus gach ceann díobh ag forleathadh chun plean comhleanúnach a chruthú. Is iad na ceithre phríomhcheist:

**C1 Cad é mian bhuaiteach uaillmhianach Leabharlanna Átha Cliath Theas agus cén cuspóir a threoróidh muid?**


**C2 Cad iad na príomhréimsí forbartha ar cheart dúinn ár n-iarrachtaí a dhíriú orthu sna 5 bliana amach romhainn?**

**C3 I ngach ceann de na réimsí seo, conas a chinnteoimid go n-éireoidh linn?**

**C4 Cad iad na cumais agus an cheannaireacht a theastaíonn chun tacú lenár n-iarrachtaí?**

## Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí

Tá Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí bunaithe ar nuálaíocht agus go háirithe ar nuálaíocht atá dírithe ar an duine agus ar an bpláinéid. Baineann sé le nuálaíocht chun na leabharlanna a theastaíonn uainn inniu agus amach anseo a chruthú. Sna cúig bliana amach romhainn oibreoimid i dtreo ár leabharlanna a ullmhú do dhomhan atá ag athrú agus déanfaimid ár gcur chuige a oiriúnú chun freastal níos fearr ar riachtanais ár bpobal agus ar na dúshláin atá romhainn.



*“D’oibríomar go dian thar COVID chun seirbhísí a choinneáil ar siúl, d’athríomar ár gcuid oibre chun ábhar ar líne a sholáthar agus chun teagmháil a choinneáil le baill den phobal chomh fada agus a d’fhéadfaimis.”*

**Suirbhé Foirne**



# Súil siar ar na 5 bliana deiridh

**Ní bheadh athbhreithniú ar na cúig bliana seo caite déanta i gceart gan tionchar na paindéime COVID-19 agus an chogaidh san Úcráin a aithint. Tháinig solúbthacht agus oscailteacht d'athrú na foirne leabharlainne chun cinn, agus leagadh béim ar ár seirbhísí a oiriúnú le seachadadh ar ardáin dhigiteacha. San áireamh freisin bhí an cumas ár ndearadh seirbhíse a nuáil.**

Toisc gurb éigean do leabharlanna dúnadh mar chuid de bhearta sláinte poiblí. Bhí orainn na seirbhísí a d'fhéadfaí a sholáthar ar líne a athshainiú de bhreis orthu sin a bhí curtha ar bun cheana féin. Chuireamar an cur chuige seo i bhfeidhm freisin ar sheirbhísí eile, ar nós ár seirbhís leabharlainne shoghluaiste, a d'aistrigh ó bheith ag freastal go príomha ar stadanna poiblí rialta go dtí seachadadh chuig tithe ár mball. Leis an tseirbhís Library@Home agus tionscnaimh ar nós "Library Under the Lid," fuair breis is 240 duine in aghaidh na míosa seirbhísí leabharlainne go dtí a ndoirse.

Le linn shrianta COVID-19 rinne an fhoireann forbartha leabharlainne athstruchtúrú ar an mbealach a chuir siad seirbhísí ar fáil le breis agus 1,400 imeacht agus féilte á reáchtáil ar líne, leis an méid is mó rochtana agus rannpháirtíochta. Bhí imeachtaí ar fáil d'úsáideoirí uile Leabharlann Átha Cliath Theas.

Ba chur chuige nua é seo mar go raibh leabharlanna ag freastal ar a gceantar pobail féin roimhe seo. Ba é an toradh a bhí air seo ná rochtain níos leithne agus chuir sé rochtain níos cothroime ar an tseirbhís ar fáil don phobal ar fud an chontae. I measc na n-imeachtaí bhí Féile Leabhar na Líne Deirge, Féile Leabhar na Leanaí, Mionfhéile Idir na Línte Deirge, Séasúr na hEolaíochta, Bealtine agus go leor clár eile. Chuireamar ranganna teagaisc, ranganna teanga agus ranganna ceoil ar fáil ar líne freisin.

Fuair an tseirbhís leabharlainne Gradam Nuálaíochta Foirne mar aitheantas ar chuir chuige nua éagsúla a glacadh chun soláthar leanúnach seirbhíse a chinntiú le linn na paindéime. Tá an cur chuige sin maidir le seachadadh seirbhíse a bheachtú chun an tseirbhís a oiriúnú do chásanna athraitheacha curtha i bhfeidhm anois ar ár bhfreagra ar an líon méadaithe dídeanaithe a thagann isteach inár bpobal ón Úcráin agus ó thíortha eile.

Thug na dúshláin seo deis dúinn ár gcumas a léiriú lenár seirbhísí a nuáil, a oiriúnú agus a athdhearadh; cur chuige atá bailíochtaithe ag an méadú ar chlárú ball nua, agus ar a ndéanfar tuilleadh forbartha tuilleadh trí sheachadadh an phlean seo.

## Léitheoireacht agus Digiteach

Ceapadh comhordaitheoir *Right to Read* agus leanann sé ar aghaidh ag comhordú imeachtaí/ceardlanna agus cláir chun tacú leis an litearthacht i ngach aoisghrúpa. Ceannaíodh logáil isteach TTRS (Touch Type Read Spell) do gach leabharlann. Le tacaíocht ón bhfoireann, cuirtear an clár seo ar fáil go héifeachtach chun tacú le leanaí a bhfuil dúshláin litearthachta acu. Le clár píolótach rathúil i leabharlann Bhaile Uí Ruáin tugadh isteach LEXIA: tacaíocht dhigiteach eile a chuirfear i bhfeidhm go céimniúil sna míonna amach romhainn.

## STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Na hEalaíona agus Mata)

D'éirigh thar barr le himeachtaí/ceardlanna/ cláir, agus tá an t-éileamh fós ard. Ina mask bhí ceardlanna eolaíochta, ceardlanna priontála 3D, beochan, meascadh stiúideo taifeadta, ranganna códaithe do leanaí agus do theaghlaigh, grianghrafadóireacht dhigiteach, ceardlanna ar úsáid teicneolaíochtaí nua do cheardaithe áitiúla agus go leor eile. Mar gheall ar imeachtaí STEAM tá an eolaíocht agus na teicneolaíochtaí nua níos inrochtana do gach aoisghrúpa ar fud an chontae.
Bíonn *Séasúr na hEolaíochta*, féile eolaíochtaí Leabharlanna Átha Cliath Theas féin ar siúl gach bliain i rit mhí na Samhna agus téann sé ó neart go neart.

## Ballraíocht

Chun athcheangal duine ar dhuine a dhéanamh lenár bpobal chuaigh SDL amach ar an mbóthar i mí Aibreáin 2022. Thugamar deiseanna do shaoránaigh ballraíocht a thógáil sa leabharlann, in ionaid siopadóireachta, margaí lasmuigh, féilte agus ionaid oibre. Leanfaidh an feachtas mar chuid leanúnach de rannpháirtíocht na leabharlainne agus meabhróidh sé dár bhfoireann gur gá dúinn féin-chur chun cinn a dhéanamh ar ár seirbhísí go léir chomh maith le rochtain éasca a thabhairt dár saoránaigh orthu.

## Stiúideo Cruthaitheach – Cluain Dolcáin Thuaidh

Is áis é an Stiúideo Cruthaitheach i Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh a ligeann d'úsáideoirí ceol agus podchraoltaí a thaifeadadh i dtimpeallacht fhuaimdhíonta agus raon iomlán trealaimh ann.

Tá raon leathan de threalamh ceoil agus gairis taifeadta againn ar féidir le húsáideoirí an stiúideo ia a úsáid. Is féidir le húsáideoirí a n-uirlisí féin a thabhairt isteach chuig an stiúideo freisin.



Fíor 1, An Stiúideo Cruthaitheach ag Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh

Tá úsáid an Stiúideo Chruthaithigh méadaithe go mór le roinnt míonna anuas. Faoi láthair tá ár scríbhneoir Ceoil cónaithe againn ag scríobh & ag taifeadadh a albaim sa stiúideo. Mar an gcéanna tá an ceoltóir áitiúil Niamh Keane tar éis a singil a thaifead le déanaí ón stiúideo. Baineadh an-úsáid as chomh maith le himeachtaí pleanáilte (scoil cheoil RockJam & Stiúideo Teagmháil) a reáchtáil cláir le daltaí na hIdirbhliana.

## Scoileanna Stair Thart Timpeall

Idir 2019 agus 2022, chuaigh an tionscadal Stair Thart Timpeall Orainn ag plé le scoileanna sna ceantair Ráth Fearnáin agus Tamhlacht. Chuir an tionscadal páistí i mbun taighde agus foghlaim faoina stair áitiúil agus teaghlaigh ag baint úsáide as foinsí digiteacha agus traidisiúnta leabharlainne, agus ceardlanna praiticiúla agus turais allamuigh. Bhí sé mar aidhm aige saoránacht chultúrtha a chothú trí mhórtas ceantair, ar aon dul le PÁEP Átha Cliath Theas. Tacaíonn an tionscadal le forbairt scileanna litearthachta, léitheoireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, smaointeoireacht chriticiúil agus taighde, ar aon dul leis an gclár *Right To Read* agus an PÁEP. Leanadh leis an tionscadal a sheachadadh le linn na paindéime, trí imeachtaí ar líne agus lasmuigh.
Chomh maith leis sin, mar chuid den tionscadal seo, scaipeadh leabhar dathúcháin ar láithreáin oidhreachta Átha Cliath Theas ar gach scoil sa chontae.

.

## Lig le do Smaointe

Forbraíodh an spás seo i gcomhpháirtíocht le Amazon Web Services a chuir trealamh TF ar ardchaighdeáin ar fáil, lena n-áirítear gléis chinn réaltachta fíorúla, agus cláir foghlama. Tá Leabharlanna Átha Cliath Theas ag déanamh nasc le scoileanna ar fud Átha Cliath Theas chun ceardlanna agus pacáistí foghlama a thairiscint chun tacú le STEAM agus chun inrochtaineacht ar na teicneolaíochtaí nua agus iad atá ag teacht chun cinn a mhéadú.

I mí na Samhna 2022, bhronn Chambers Ireland Gradam Sármhaitheasa i Rialtas Áitiúil Think Big Space faoin gcatagóir Nuálaíocht Údaráis Áitiúil.



Fíor. 2 Lig le do smaointe

## Cartlann a Chruthú - Tionscadal Cuimhní COVID

Tionscnamh é seo de chuid an Staraí Cónaithe, Liz Gillis. Ina cuid taighde ar an tréimhse réabhlóideach, bhí guth amháin ar iarraidh i gcónaí - guth na bpáistí a mhair 100 bliain ó shin.

Ba bhliain í 2020 nach ndéanfaidh muid dearmad go deo uirthi, bhuail an phaindéim agus stop an domhan ar fad. Bhí tionchar aice ar gach duine ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ba chor cinniúna í inár saol í, rud a ndéanfaidh staraithe na todhchaí taighde agus staidéar air. Agus sin a chuir síol don tionscadal seo. Beidh go leor scéalta fágtha ag daoine fásta faoi conas a mhaireadar tríd an bpaindéim, ach cad faoi na leanaí? Tá a gcuid scéalta agus an tionchar a bhí ag Covid orthu chomh tábhachtach céanna. Tá sé ríthábhachtach go ndéanaimid taifead ar a gcuimhní cinn le haghaidh taighde amach anseo.

Agus é seo san áireamh, thug Leabharlanna Átha Cliath Theas cuireadh do bhunscoileanna páirt a ghlacadh i dTionscadal Cuimhní Covid a raibh Liz Gillis agus Ealaíontóir Cónaithe Deich mBliana an Chéid, Eva Kelly páirteach ann.

Reáchtáladh roinnt ceardlann le daltaí ina leabharlanna áitiúla áit ar fhoghlaim siad faoi fhoinsí príomhúla le Liz agus fuair siad amach cén fáth a bhfuil siad tábhachtach ó thaobh scéalta a insint. Mhínigh Eva conas a úsáideadh ealaín chun imeachtaí stairiúla a léirmhíniú. Iarradh ar na daltaí íomhá a tharraingt nó a phéinteáil den chaoi a mhair siad tríd an bpaindéim. Ansin rinneadh na líníochtaí a dhigitiú agus a chur i gCartlann Leabharlanna Átha Cliath Theas, áit a stórálfar go sábháilte iad le go bhfeicfidh na glúine atá le teacht iad. Níos tábhachtaí fós, cinntíonn an tionscadal seo go gcloisfear glórtha agus cuimhní cinn na bpáistí a mhair le linn na hócáide tábhachtaí seo.

## Líne Dhearg

Tá Féile na Líne Deirge léirithe ag Leabharlanna agus Ealaíona Átha Cliath Theas a chuireann clár imeachtaí agus ceardlann ar fáil a mheallann daoine de gach aois agus spéis, idir leanaí agus daoine fásta, idir léitheoirí ócáideacha agus léitheoirí craosacha leabhar. Bíonn imeachtaí ar siúl ag Féile na Líne Deirge in ionaid taibhithe ardchaighdeáin cosúil leis The Civic, foirgnimh stairiúla lena n-áirítear Caisleán Ráth Fearnáin agus Músaem an Phiarsaigh i bPáirc Éanna, mar aon lenár leabharlanna brainse iontacha ar fud Chontae Átha Cliath Theas. Leathnaigh Líne Dhearg 2022 an fhéile lasmuigh den leabhar chun sruthanna cultúrtha eile a chuimsiú mar shampla spórt, ceol, amharclannaíocht srl. Ó 'True Crime' le Paul Williams, paiteolaí Iar-Stáit an Dr Marie Cassidy agus an Bleachtaire Príobháideach Patrick Marry go rapáil le scríbhneoir cónaithe Selló i gcomhpháirtíocht le NOISE Music, nó léamha Ulysses i gCaisleán Ráth Fearnáin agus sraith iomlán d'imeachtaí spóirt ag Staid Thamhlachta, duaiseanna filíochta agus taibhithe ó DJanna ó 'Give Us The Night'', ceiliúradh ar ar gach rud liteartha a bhí i bhFéile na Líne Deirge bíodh sé labhartha, scríofa, canta, seinnte, léirithe, nó fiú amháin smaoineamh!




Fíor.3 Clár fhéile na Líne Deirge 2022

# Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí i gcomhthéacs

**Ní féidir machnamh a dhéanamh ar thodhchaí ár leabharlanna gan an tsochaí agus na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu a chur san áireamh. Tá Leabharlanna Átha Cliath Theas i suíomh ar leith mar mhol lárnach laistigh de phobail áitiúla chun freagairt go cruthaitheach do na dúshláin atá rompu.**

Mar lóchrainn de réiteach cruthaitheach fadhbanna, ach freisin mar "léaró dóchais" mar a chualamar le linn an taighde don phlean seo, creidimid go láidir gur féidir lenár líonra tionchar dearfach a imirt ar an todhchaí agus luach níos mó fós a sholáthar dár mbaill reatha agus dár mbaill atá le teach. Ag am a bhfuil an todhchaí neamhchinnte do go leor daoine, agus ina bhfuil daoine in ísle brí agus míshuaimhneach, creidimid go gcaithfidh Leabharlanna Átha Cliath Theas freagairt a ofráil.

Dar leis an gComhairle um Leabharlanna Poiblí. tá ról tábhachtach ag leabharlanna poiblí sa tsochaí, ní hamháin maidir le heolas a sholáthar ar an athrú aeráide mar shampla, ach freisin chun freagairt do dhúshláin agus do ghéarchéimeanna nach féidir a thuar agus géarchéimeanna gan choinne amach anseo. Tá leabharlanna poiblí ar cheann de na seirbhísí poiblí is iontaofa agus is luachmhaire sa tír, agus in aimsir na héagsúlachta polaitiúla, na deighilte agus na muiníne caillte, d'fhéadfaí ár suíomh laistigh den phobal a úsáid chun caidrimh fheabhsaithe idir an pobal agus an t-údarás áitiúil a éascú chomh maith le caidrimh i measc an phobail féin.

Ó léadh an chéad leabhar bhí ról tábhachtach ag ár leabharlann sa tsochaí i gcónaí agus is amhlaidh an scéal inniu. Mar sin féin, tá dúshláin againn inniu atá ina gcuid de na dúshláin is tromchúisí riamh a bhí romhainn. Ní bhaineann na dúshláin seo le rochtain ar eolas agus leis an ngá le litearthacht a fhorbairt amháin. Baineann siad le rochtain ar an eolas ceart, spás a sholáthar chun smaoineamh a dhéanamh, comhoibriú a dhéanamh, chun a bheith spreagtha, agus chun scíth a ligean.

> *"Tá leabharlanna ríthábhachtach. Is iad na tíortha a infheistíonn i Leabharlanna na tíortha céanna a scórálann go maith thar na hInnéacsanna um Fhorbairt Dhaonna eile go léir. Tá leabharlanna saor in aisce, rud a chiallaíonn gur féidir le gach ball den tsochaí oideachas a fháil i mbeagnach aon ábhar is maith leo."*
>
> Freagróir ar Suirbhé Foirne

## Oileáin Bheaga Comhleanúnachais

Tá dúshláin mhóra romhainn mar phobail, mar náisiún agus mar phláinéid. Tá ár bpobail agus ár ndaoine ag fulaingt. Tugann taighde le fios dúinn go bhfuil faitíos ar ár ndaoine óga agus go mothaíonn siad gan chumhacht, fiú tá pairilis orthu. Tá páirt le himirt againn go léir; ach b'fhéidir go bhfuil ceann ar leith le himirt ag an leabharlann. Mar a dúirt an laureate Nobel Ilya Prigogine uair amháin *"When a system is far from equilibrium, small islands of coherence in a sea of chaos have the capacity to shift the entire system to a higher order."* Ar fud ár dtaighde, go háirithe i mbrainsí, rinne daoine cur síos ar leabharlanna mar '*léaró dóchais*' agus mar 'Oileáin éalaithe.' Arís agus arís eile chualamar meoin ar nós *"is iontach an tionchar a bhí ag an leabharlann anseo ar an bpobal a fheiceáil."* Ach cad dá bhféadfaimis níos mó a dhéanamh? Cad a tharlóidh dá bhféadfaimis a bheith inár n-áit a sheasann i gcoinne na ndúshlán atá romhainn, agus a spreagann, a chumasaíonn agus a ligeann do dhaoine an rud céanna a dhéanamh?

D'fhéadfadh ár leabharlanna agus ár líonra a bheith ina *"Limistéir inar féidir le saoránaigh dul i ngleic le heolas ar ghníomhaíocht ina bpobal agus go náisiúnta, ar uisce a chaomhnú, ar a gcostais fuinnimh/leictreachais a ísliú".*

Is éard atá i gceist leis seo ná faisnéis amháin, baineann sé leis an eolas ceart a sholáthar, baineann sé le spás agus baineann sé le foghlaim. Mar a mhol freagróir amháin, d'fhéadfadh Leabharlanna Átha Cliath Theas a bheith ina n-ionaid atá *"ceannródaíoch maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil a éascú agus meon a chothú a chabhróidh le dul i ngleic le dúshláin na sochaí ar nós ghéarchéim na haeráide nó scaipeadh an eolais bhréagaigh ar líne." D'fhéadfadh Leabharlanna Átha Cliath Theas a bheith ina gceannairí agus "ar thús cadhnaíochta i bhfíor-athrú comhshaoil go háirithe trína n-úsáideoirí sóisearacha agus óga."*

D'fhéadfadh an claonadh seo i dtreo gnímh freagairt Leabharlanna Átha Cliath Theas ar na dúshláin go léir atá romhainn agus lena bhfuilimid tógtha, ó mheabhairshláinte, go ceartas ciníoch agus inscne, agus deighilt pholaitiúil.

> *"Is fachtóir tábhachtach í an leabharlann i meabhairshláinte an oiread sin ball den phobal"*

# Roinnt de na tuairaimí a chualamar

*“Tá leabharlanna ríthábhachtach. Is iad na tíortha a infheistíonn i Leabharlanna na tíortha céanna a scórálann go maith thar na hInnéacsanna um Fhorbairt Dhaonna eile go léir. Tá leabharlanna saor in aisce, rud a chiallaíonn gur féidir le gach ball den tsochaí oideachas a chur orthu féin i mbeagnach aon ábhar is maith leo. Tá leabhair in aisce do leanaí ar cheann de na bealaí is costéifeachtaí chun bochtaineacht leanaí a mhaolú.”*

*“Sílim gur acmhainn ríthábhachtach í an leabharlann a bhfuil tionchar sibhialtachta aici ar an tsochaí, ag cur siamsaíocht, oideachas, soilsiú, rannpháirtíocht agus eolas ar fáil. Is tearmann sábháilte é agus áit inar féidir le leanaí agus le daoine fásta an luach a bhaineann le smaoineamh agus machnamh ciúin a fhoghlaim.”*

*“Tá an leabharlann anseo i gcroílár mo shráidbhaile. Cad faoi dá n-úsáidfeadh sé na fuinneoga chun eolais tábhachtach a thaispeáint, na cláir fógraí chun daoine a chur ar an eolas faoi chomhráite tábhachtacha agus imeachtaí chun na comhráite riachtanacha aeráide agus sochaíocha a threorú?!”*

*“Creidim go gcuireann sé eolas poiblí agus saor in aise agus siamsaíocht ar fáil don phobal in am a bhfuil géarghá lena leithéid.”*

*“Is fachtóir tábhachtach í an leabharlann i meabhairshláinte an oiread sin ball den phobal. Chomh maith leis seo go léir ta a fhios agat go mbeidh duine cairdiúil cabhrach ann i gcónaí a chabhróidh leat aon uair a thugann tú cuairt uirthi”*

*“Táimid i lár éigeandáil aeráide - Caithfidh gach eagraíocht gníomhú agus gníomhú go tapa. B’fhéidir nach dtuigfeadh an leabharlann é, ach d’fhéadfadh ról fíorthábhachtach a bheith ag a ndéanann sí chun plé leis an bpobal agus iad a chur ar an eolas.”*

*“Tá an leabharlann an-tábhachtach. Bhí leabhair mar chairde liom le linn roinnt drochthréimhsí agus is áiteanb sábháilte teo iad na leabharlanna le scíth a ligean agus le léamh.”*

*“Bhí rudaí dúshlánach uaireanta – ach is iontach an tionchar a bhí ag an leabharlann anseo ar an bpobal a fheiceáil.”*

*“Áiteanna inar féidir le saoránaigh dul i ngleic le heolas faoi ghníomhaíocht ina bpobal agus go náisiúnta, le huisce a chaomhnú, lena gcostais fuinnimh/leictreachais a ísliú”*

*Níl go leor ag tarlú sna leabharlanna a bhaineann leis an éigeandáil aeráide do mo pháistí. Tá gach duine ag caint faoi, ach conas a chinntíonn tú go dtuigeann páistí é? B'fhéidir go bhféadfadh sé a bheith i bhfoirm leabhar, podchraoltaí, bileoga eolais, imeachtaí?”*

*“Cé nach gá go gcuireann an leabharlann seirbhís ar fáil a mbainim úsáid aisti, tá sí fós mar chrann taca dár sochaí agus tá sí ríthábhachtach don aos óg agus do dhaoine scothaosta.”*

*“Is í an leabharlann mo Thearmann agus m’áit ríméid ar feadh mo shaoil, fuinneog ar iontais an domhain. Le do thoil, ná déan ionad gnó de. Tá seirbhísí eile CCÁCT a chomhlíonann an ról sin.”*

---

*“Tá sé deacair smaoineamh air, ach cad faoi a bheidh na leabhair i gceann 50 bliain? An mbeidh muid mar phláinéid ann fiú? An mbeidh na leabhair ag plé áiteanna, ainmhithe agus smaointe nach ann dóibh a thuilleadh? Is smaoineamh uafásach é.”*

*Rannpháirtí Agallaimh*



# Ár gCuspóir agus Ár nAidhmeanna

I rith ár dtaighde ar fad chuireamar ceisteanna chun cabhrú linn ráitis láidre cuspóra agus mianta a shainiú. Dúirt ár bpobail agus ár bhfoireann linn go n-aithníonn siad an tábhacht a bhaineann lena ndéanaimid, ach chuir siad in iúl freisin an t-athrú mór agus an iliomad dúshlán atá i ndán dár sochaí. In aimsir an-athraithe caithfimid athmhachnamh, athshamhlú agus oibriú d'fhonn tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuilimid ann agus caithimid a bheith uaillmhianach faoi cad is mian linn a bheith.

## Ár gCuspóir

Táimid ann chun muintir Átha Cliath Theas a spreagadh, a thacú agus a chumasú le maireachtáil, le foghlaim agus le bláthú. Déanaimid é seo trí chonstaicí ar eolas agus faisnéis a bhaint, trí spás a chruthú chun smaoineamh, labhairt agus taiscéalach a dhéanamh agus trí bheith ann má bhíonn gá ann agus nuair a bhíonn gá ann. **Beidh tionchar ag an méid a dhéanaimid mar leabharlann inniu ar ár dtodhchaí go léir.**

# Ár nUaillmhian

Beidh Leabharlanna Átha Cliath Theas mar thagarmharc don méid is féidir le leabharlann phoiblí a bheith ó thaobh na rannpháirtíochta, ábharthachta, nuálaíochta agus tionchair de. Déanfaimid é seo trí cheist a chur ar cén fáth a bhfuilimid ann, cad a dhéanaimid agus conas is féidir linn freastal níos fearr ar an bpobal.

Sa lá atá inniu ann, tá go leor dúshlán le sárú ag an tsochaí agus ag pobail, áit a dteastaíonn eolas cruinn, teagmháil dhaonna agus inspioráid. **Bainfidh Leabharlanna Átha Cliath Theas úsáid as ár suíomh i gcroílár na bpobal chun freastal níos fearr ar na pobail sin.**

# Príomhthorthaí agus Ár nGníomhartha

Ag baint leasa as torthaí na gcomhairliúchán poiblí, as suirbhéanna poiblí agus foirne, as fiosrúchán comhthéacsúil agus as agallaimh neamhúsáideoirí, sainaithníodh 10 bpríomhdhúshlán. Creidimid má théimid i ngleic leis na dúshláin seo agus má sháraítear iad go ligfeadh sé do Leabharlanna Átha Cliath Theas a cuspóirí a bhaint amach thar na 5 bliana atá romhainn. Ar an gcéad leathanach eile, tugaimid breac-chuntas ar ár bplean forbartha uileghabhálach agus ar na leathanaigh ina dhiaidh tugaimid níos mó eolais ar na príomhdhúshláin agus ar na léargais a sainaithníodh agus a gabhadh faoi na cúig phríomhréimse forbartha:

1. **Brí a chur inár mBailiúcháin**
2. **Ár bPobal a Leathnú**
3. **Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt**
4. **Ár Spásanna Fisiciúla agus Fíorúla a Athnuachan**
5. **Ár bhFoireann a Chumasú**

In ionad an bhéim a leagan ar thascanna agus cuspóirí le cur i gcrích sna 5 bliana amach romhainn a liostú, thugamar aird ar leith ar phríomhléargais agus ar dhúshláin a sainaithníodh le linn na céime taighde a chumadh. Beidh siad seo mar bhunús dár n-iarrachtaí agus tabharfaidh siad treoir luachmhar do Leabharlanna Átha Cliath Theas thar na cúig bliana amach romhainn.

# Ár bPlean Forbartha Uileghabhálach

### Nuálaíocht don leabharlann a theastaíonn uainn inniu

**Nuálaíocht Dhuine-Dírithe don, leis agus tríd an leabharlann**

**Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí**

### An leabharlann ag obair don todhchaí

**Ag freagairt do dhúshláin phobail, shóisialta agus dhomhanda atá ag méadú**

## Crainn Taca SDL

Cruthóimid 6 ról 'Crann Taca SDL' a bheidh freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar ghníomhachtú an phlean forbartha.

## Réimsí a ndíreoimid orthu

Táimid ag maireachtáil in am ina bhfuil athrú gan fasach ag tarlú agus dúshláin phobail, sochaíocha agus dhomhanda ag dul i méid. D'iarr na ceannairí orainn gníomhú, agus mar fhreagra air sin, déanfaimid ár leabharlanna a eagrú go díograiseach mar áiteanna fírinne, inspioráide agus gníomhaíochta. Is é seo an rud ceart le déanamh, ach beidh dáimh acu agus beidh siad ag teacht freisin le luachanna, le riachtanais agus le spreagthaí cohórt de neamhúsáideoirí leabharlainne, cohórt a bhfuilimid ag iarraidh iad a mhealladh.

## Rath a Bhaint Amach sna réimsí seo

Táimid ag maireachtáil in am ina bhfuil athrú gan fasach ag tarlú agus dúshláin phobail, sochaíocha agus dhomhanda ag dul i méid. D'iarr na ceannairí orainn gníomhú, agus mar fhreagra air sin, déanfaimid ár leabharlanna a eagrú go díograiseach mar áiteanna fírinne, inspioráide agus gníomhaíochta. Is é seo an rud ceart le déanamh, ach beidh dáimh acu agus beidh siad ag teacht freisin le luachanna, le riachtanais agus le spreagthaí cohórt de neamhúsáideoirí leabharlainne, cohórt a bhfuilimid ag iarraidh iad a mhealladh.

## Na cumais is gá chun tacú

Tógfaimid ar ár bhfoireann reatha agus ar ár saineolas taighde agus ar ár suíomh inmhaíte i gcroílár na bpobal, chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais neamhchomhlíonta agus neamhráite an chohóirt iontaigh seo. Cothóimid caidrimh seachas idirbhearta, déanfaimid ár bhfoirne a oiliúint, a chumhachtú agus tabharfaimid a luach saothair dóibh chun tionscnaimh, imeachtaí agus bailiúcháin a dhearadh agus a chomhchruthú in éineacht le baill, ní ar a son.

## Conas mar a thacóidh an bhainistíocht

Déanfar an cheannaireacht agus an bhainistíocht a ailíniú bunaithe ar ár n-aidhmeanna agus ar ár gcuid luachanna. Déanfaimid cumarsáid rialta chun béim a chur ar phráinn agus ar thábhacht ár gcuid oibre a thabhairt chun suntais, chun saincheisteanna a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis. Déanfaimid ár bhfórsa saothair a chumhachtú agus a chumasú chun go n-éireoidh leis an straitéis seo, agus déanfaimid na héachtaí sin a cheiliúradh.

# Crainn Taca Leabharlanna Átha Cliath Theas

Crann Taca SDL um
**An Comhshaol & Inbhuanaitheacht**

Crann Taca SDL um
**Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú**

Crann Taca SDL um
**Nuálaíocht & Cruthaitheacht**

Crann Taca SDL um
**Litearthacht & an Ghaeilge**

Crann Taca SDL um
**Fhor-rochtain & Rannphairtíocht**

Crann Taca SDL um
**Oidhreacht agus Comhfhorbairt Áite**

## Ról na gCrann Taca SDL

An réimse atá á thacú a choinneáil chun tosaigh agus a bheith mar phríomhtheagmhálaí don réimse sin

- An réimse atá á thacú a leabú sa phlean gnó faoi phríomhbheartais agus nósanna imeachta a fhorbairt.
- A chinntiú go bhfuil guth na ndaoine a ndéantar ionadaíocht orthu léirithe inár seirbhísí m.s. trí rannphairtíocht le heagraíochtaí carthanachta, trí bholscaireacht agus trí mhargaíocht.
- Bheith feasach ar an reachtaíocht reatha nuair is cuí. Taighde a dhéanamh ar 'dea-chleachtas' agus é a roinnt agus aithris a dhéanamh air nuair is féidir.
- Measúnú a dhéanamh ar an ngnó trí iniúchadh sa réimse atá á thacú chun riachtanais agus bearnaí a aithint maidir le heolas, le háiseanna agus le seirbhís do chustaiméirí.
- Bheith mar chathaoirleach coiste/grúpa oibre don réimse atá á thacú:
    - Forbairt plean gníomhaíochta a stiúradh chun na bearnaí a aithníodh san iniúchadh a líonadh.
    - Ambasadóirí a fhostú ar fud an líonra brainse chun cabhrú le cleachtais agus cineálacha cur chuige nua a leabú.
    - Geallúint/gealltanas a scríobh don ghnó maidir leis an réimse atá á thacú.
- Gaiscí dearfacha a chur in iúl do chomhghleacaithe ar fud na seirbhíse agus an údaráis áitiúil i gcoitinne.
- Saineolas a úsáid chun cabhrú le fiosrúcháin agus gearáin ghaolmhara a fhreagairt.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas bainteach d'fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tseirbhís.

# Príomhréimsí Forbartha 2023-2027

Réimse Forbartha **01**

## Ár bPobal a Leathnú

Réimse Forbartha **02**

## Brí a chur inár mBailiúcháin

Réimse Forbartha **03**

## Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt

Réimse Forbartha **04**

## Ár Spásanna Fisiciúla agus Fíorúla a Athnuachan

Réimse Forbartha **05**

## Ár bhFoireann a Chumasú & a Chumhachtú

## Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí

Réimse Forbartha **01**

# Ár bPobal a Leathnú:

Téigh isteach in aon leabharlann agus tabharfaidh tú faoi deara gurb iad daoine fásta agus máithreacha le leanaí óga an dream is mó a úsáideann an tseirbhís. Tá cuid mhór den phobal nach n-úsáideann an leabharlann agus ní mór dúinn a fháil amach cén fáth agus dul i ngleic leis. Ní mór dúinn oibriú chun ár mballraíocht a leathnú agus oiriúnú a dhéanamh chun bealaí a aimsiú chun iad a spreagadh le bheith páirteach.

## Rannpháirtíocht thar phríomhdhéimeagrafaic

Tagann formhór mór na mball leabharlainne ó dhá bhun an speictrim aoise. Agus 53% de na freagróirí ónár suirbhé poiblí os cionn 45 bliain d'aois, agus díreach 8.4% faoi 24 bliana d'aois, is léir nach bhfuil an leabharlann tarraingteach do raon iomlán ár bpobail. Mar a dúirt ball foirne amháin "Ní mór dúinn seirbhísí agus naisc níos fearr a sholáthar le haoisghrúpaí atá níos sine .i. déagóirí agus fir. go hiondúil is ionad é do leanaí agus do mhná óga". Cé go bhfuil sé éasca a bheith sásta le líon na ndaoine a thagann tríd ár ndoirse, chun a bheith mar eagraíocht "dhaonlathach" agus "ionadaíoch" a mhaíonn muid a bheith, ní mór dúinn níos mó a dhéanamh.

Cé go mbaineann ár mbaill luach asainn, ní úsáideann an cohórt meánach, go háirithe déagóirí agus daoine fásta óga an leabharlann. Ní hamháin gur grúpa mór tábhachtach é seo, ach is grúpa é a d'fhéadfadh leas mór a bhaint as a bhfuil le hofráil ag na leabharlanna agus d'fhéadfadh sé go leor fuinnimh agus léargas a thabhairt don leabharlann.

Ar fud an taighde ar fad don phlean forbartha seo chualamar go leor daoine ag iarraidh ar na leabharlanna níos mó déagóirí agus daoine óga a mhealladh. Le linn an chomhairliúcháin foirne go háirithe, bhí iarratais láidre maidir le "bealaí nua a aimsiú chun iad a mhealladh," agus "níos mó ná spás a chur ar fáil chun staidéar a dhéanamh le linn scrúduithe". Iarradh ar leabharlanna "ár dteorainneacha a shárú" chun freastal ar riachtanais gach aoisghrúpa sa tsochaí agus deis a thabhairt dóibh a mhothú go bhfuil "fáth agus ceart acu an tseirbhís leabharlainne a úsáid."

Chuir an pobal in iúl go láidir freisin go bhfuil go ndéanfaidh leabharlanna iarrachtaí daoine idir 15 - 20 bliain d'aois a mhealladh agus plé leo, agus dúirt roinnt daoine go bhfuil "dearmad ar an ngrúpa seo ag formhór na ngrúpaí pobail, na ngníomhaireachtaí srl." Moladh, chomh maith le raon níos leithne leabhar agus imeachtaí níos spriocdhírithe, gur cheart iarrachtaí a dhéanamh teacht níos fearr le riachtanais daoine óga agus a bheith nuálaí chun "a bheith níos ábhartha".

## Ciontacht agus faitíos a bheith mar chonstaicí do neamhúsáideoirí

Taobh amuigh de shrianta ama, tá chiontacht agus faitíos ar an dhá chúis is mó do neamhúsáideoirí a d'fhéadfadh a bheith ag cur bac orthu a bheith mar bhaill leabharlainne é nó cuairt a thabhairt uirthi. Léirítear na mothúcháin seo ar bhealaí éagsúla. Ar an gcéad dul síos, cruthaíonn dul chuig an leabharlann nó suí inti gan idirbheart a dhéanamh leibhéal ciontachta, go háirithe i measc daoine óga nach n-úsáideoirí iad. Chualamar tuairimí cosúil le "Tá a fhios agam go bhfuil an leabharlann ceaptha le bheith ag freastal ar gach duine, ach i mo shuí ansin ní féidir liom ach smaoineamh go bhfuil mé ag tógáil an spáis ó dhuine a bhfuil níos mó i dteideal" agus "Sea, tá sé saor in aisce, ach mothaím aisteach - tá a fhios agam ann níl aon lúb ar lár ach mothaím míshuaimhneach fós" i bhfoirmeacha éagsúla.
Cruthaíonn idirbhearta, compord agus braistintí glactha agus muintearais, is cuma cé chomh beag is atá siad. Nuair a labhraíomar le daoine sna siopaí caifé in aice le leabharlanna, ba é an dearcadh coitianta ná "Téim go Starbucks uaireanta agus suím thuas staighre ar feadh uaireanta! Is spás álainn oscailte é, go leor táblaí agus soicéid i ngach áit! Ceannaíonn tú caife gach uair an chloig agus ansin ní bhraitheann tú ciontach ar chor ar bith!". D'fhéadfadh claonadh cómhalartach, nó ár gclaonadh gníomhú ar ghníomhartha daoine eile, cuid den chiontacht seo a mhíniú.

Bhain cineálacha eile ciontachta a chualamar fúthu le rudaí ar nós gan leabhair a thabhairt ar ais in am, nó ar chor ar bith, fiú mura bhfuil aon fíneálacha ann. Luadh tionscnaimh mar shampla 'dropboxes' fisiceacha a úsáideadh le linn dhianghlasáil COVID mar bhealach chun an cineál seo ciontachta a mhaolú.

Imríonn faitíos, cibé faitíos traidisiúnta roimh spásanna scanrúla nó roimh leabharlannaithe, nó faitíos nua, páirt i neamhfhreastal ar an leabharlann. Aithníonn leabharlannaithe é seo "Sílim go bhféadfadh sé a bheith faiteach do go leor daoine nuair a thagann siad chuig brainse agus teastaíonn uathu a bheith in ann cuardach agus breathnú thart ina n-aonar" aithníonn úsáideoirí é seo freisin, "Áit scanrúil, ní mór oideachas a chur orainn, na seanóirí, arís maidir le cé chomh ciúin is gá dúinn a bheith mar go bhfuil faitíos orainn go n-éireoidh an leabharlannaí sean-stíle ró-chrosta linn." Ar fud an taighde go léir, bhí faitíos roimh bheith i dtrioblóid, faitíos roimh chúnamh a lorg, faitíos roimh bheith ró-thorannach, faitíos roimh dhaoine a bheith ag déanamh bhreithiúnais orainn agus fiú faitíos orainn nach mbeadh a fhios againn conas a oibríonn an leabharlann. Tá na mothúcháin seo cumhachtach agus b'fhéidir go gcuirfeadh siad cosc ar dhuine cos a chur isteach i leabharlann.

# Ár bpobal a leathnú:

## Réimse dírithe

### Déagóirí & daoine fásta óga a mhealladh:

Díreoimid ar dhéagóirí & ar dhaoine fásta óga mar dheis chumhachtach le haghaidh fáis inbhuanaithe agus tionchar dearfach a imirt.

### Ár gcuspóir a aimsiú

Déanfaimid Leabharlanna Átha Cliath Theas a ailíniú le cuspóir spreagthach, é dírithe ar na dúshláin mhéadaithe phobail, shóisialta agus dhomhanda a fhreagairt.

### Aistriú chuig eispéiris

An leabharlann a aistriú ó áit idirbheartaíochta i dtreo eispéiris uathúla agus oibriú chun naisc mhothúchánacha a fhorbairt agus chun a bheith níos ábhartha don phobal.

### Oiriúnú do riachtanais na mball

Aithnímid an gá atá le soláthar seirbhísí leabharlainne a oiriúnú chun freastal níos fearr ar riachtanais ár mball agus ár neamhbhall. Baineann sé seo ní hamháin lenár seirbhísí ar líne a mhéadú ach le leanúint ar aghaidh ag cruthú bealaí nua maidir le conas a chuirimid ár seirbhísí fisiceacha ar fáil.

## Rath a Bhaint Amach sna réimsí seo

- Sainimeachtaí a fhorbairt ar dhúshláin agus ar thopaicí a mbaineann le déagóirí agus le daoine fásta óga agus a bhfuil suim acu iontu. Nuair is féidir, ba chóir iad seo a chomhfhorbairt in éineacht leis an lucht spéise beartaithe.
- Sainmhínigh agus forbair cad is 'eispéireas SDL' uathúil ann. Déan seirbhísí reatha a athdhearadh agus cinn nua a chruthú chun é a léiriú.
- Fís, luachanna agus iompraíochtaí na leabharlainne a ailíniú níos dlúithe leo siúd atá ag déagóirí & ag daoine fásta óga.
- A bheith cróga chun dul i mbun gníomh fíor, chun idirphlé bríoch a éascú agus chun a chinntiú go bhfuil rochtain éasca ar ábhar iontaofa, faisnéiseach agus spreagthach.
- Uaireanta oscailte breise a sheachadadh trí 'Mo Leabharlann Oscailte' a chur ar fáil agus iniúchadh cruthaitheach a dhéanamh ar na deiseanna go léir atá ann chun seirbhísí leabharlainne a sholáthar i gcineálacha, méideanna agus láithreacha éagsúla foirgneamh, chun an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais an phobail.
- Sraith tionscnamh bunaithe ar fhíorléargas a fhorbairt chun go mbeidh an méid is lú eagla ar dhaoine nach úsáideoirí leabharlainne iad.
- Tionscnaimh oideachais inrochtana agus nuálaíocha a chruthú chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-oibríonn an leabharlann agus cad atá ann dóibh siúd nach bhfuil taithí ar an leabharlann acu.
- Deiseanna a fhiosrú d'fhonn tionscnaimh nua a fhorbairt d'fhonn idirbhearta neamhairgeadaíochta as chruthú (saineolas, carthanacht, deonachán srl.) chun an chiontacht a mhothaíonn neamhúsáideoirí a mhaolú.
- Déagóirí agus daoine fásta óga a chur san áireamh i bhforbairt sainimeachtaí & in eispéiris uathúla SDL a chruthú. Comhdhearadh chun rannpháirtíocht fhadtéarmach agus suim sa leabharlann a spreagadh
- Comhpháirtíocht a leathnú le Noise Music/Music Generation.
- Úsáid a bhaint as scileanna taighde ár bhfoirne agus ár rochtain ar an bpobal, chun taighde saibhir cáilíochtúil agus cainníochtúil a dhéanamh ar riachtanais, ar spriocanna agus ar spreagthaí grúpaí úsáideoirí inmhianaithe.
- Ar bhfoireann a uas-scileáil ar phrionsabail na nuálaíochta agus ar fhearadh thaithí atá dírithe, agus iad a chumasú chun freagairt do riachtanais agus do dheiseanna..
- Líonra de lucht déanta athruithe pobail, saineolaithe náisiúnta a thógáil agus oibriú leo chun imeachtaí agus tionscnaimh a fhorbairt a thagann lenár gcuspóir agus lenár n-aidhmeanna.
- Córas a chur ar bun inar féidir le daoine páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre brainse agus idirbhrainse chun dul i ngleic le dúshláin shainaitheanta a thagann lena suimeanna agus lena dtaithí.
- Am agus spás a chur ar fáil don fhoireann le taighde a dhéanamh maidir le riachtanais a thuiscint agus le seirbhísí agus eispéiris a dhearadh.

Réimse Forbartha **02**

# Brí a chur Inár mBailiúcháin:

Táimid saol níos gnóthaí againn go léir, le soláthar meán neamhshrianta chun sinn a chur ar an eolas, chun ár n-aird a tharraingt agus siamsaíocht a chruthú dúinn. Tá athrú tagtha ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn ár leabharlanna, ach an bhfuil go leor athraithe déanta againn le coinneáil suas chun dáta? Chun a bheith san iomaíocht agus chun luach a chur leis an leabharlann ní mór dúinn bealaí a aimsiú chun luach nua a chur léi, chun brí a chur lenár dtairiscintí agus chun go mbeidh an méid a dhéanaimid ag teacht le saol ár bpobail.

## Fadhbanna a réiteach i gceart, ach an fadhbanna cearta iad?

Cuireann an leabharlann go leor tionscnamh iontach ar fáil ina bhfuil go leor machnaimh déanta orthu agus ar an tslí a gcuirtear i bhfeidhm iad ach ar an drochuair is minic nach sháraíonn siad na bacainní feasachta agus rannpháirtíochta - go háirithe i gcás daoine nach n-úsáideoirí iad.

Ag tógáil ar na dúshláin shainaitheanta 'rannpháirtíocht trasna déimeagrafaic' agus ar "An tairbhe is mó a bhaint as am saor luachmhar saor " san alt seo, is cosúil go bhfuil sé deacair don leabharlann imeachtaí agus tairiscintí a fhorbairt a tharlóidh ag an am ceart, a théann i bhfeidhm ar an mbealach ceart nó atá in ann a bheith san iomaíocht le foinsí eile. Mar a dúirt neamhúsáideoir amháin in agallamh linn "Tá mé cinnte go bhfuil go leor ar siúl sa leabharlann, agus is dócha go mbainfinn sult as cuid acu agus go mbainfinn luach as, ach tá a fhios agat, tá youtube níos éasca agus ní gá dom a bheith buartha faoi dhrochchinneadh a dhéanamh."

*Maireann an easpa spéise seo le heaspa feasachta freisin, mar a thug an neamh-úsáideoir seo le fios: "Níl an leabharlann ar mo radar ar chor ar bith. Ní fheicim fógraí, ní chloisim faoi imeachtaí, ní chloisim daoine ag caint faoi i ndáiríre. Tá a fhios againn go léir go bhfuil s i ann, go bhfuil sí oscailte agus go bhfuil sí saor in aisce, níl sí tarraingteach!"*

Ó thaobh na foirne de, bhí an tuairim ann go mb'fhéidir go raibh an iomarca imeachtaí ann le róbheagán luacha saothair, agus go raibh daoine tuirseach le himeachtaí: "Sílim go bhfuil an fhoireann báite leis an líon mór imeachtaí agus go mbeadh cur chuige níos dírithe go maith."

D'iarr baill foirne go ndéanfaí breis for-rochtana, go mbeadh margaíocht agus na meáin shóisialta níos fearr, agus níos tábhachtaí fós, go ndéanfaí athmhachnamh ar na daoine a bhfuil siad ag iarraidh a mhealladh agus iarracht a dhéanamh imeachtaí a dhearadh agus cuireadh a thabhairt do chainteoirí díriú ar spriocghrúpaí. Moladh chun é seo a bhaint amach, go gcaithfí iarracht a dhéanamh dul i mbun plé le pobail chun "fíor-riachtanais a aithint" agus chun freagairt a dhéanamh bunaithe ar dhúshláin atá roimh bhaill agus roimh an bpobail i gcoitinne.

## An leas is fearr a bhaint as am saor luachmhar

Is iomaí fáth nach mbíonn daoine rannpháirteach le Leabharlanna Átha Cliath Theas. Príomhthéama amháin a chloisimid go minic is ea cúrsaí ama. Cuireann chinneadh cuairt a thabhairt ar an leabharlann, leabhar a chuardach agus am a chaitheamh á léamh isteach ar am saor luachmhar daoine.

Bíonn aoine gnóthach agus murab ionann agus san am a chuaigh thart, tá rochtain éasca ar shiamsaíocht, ar eolas agus ar éalú ar fáil ar ár bhfóin chliste, trínár dteilifíseáin agus trí chnaipe "ceannaigh anois" a chliceáil. Cé gur éasc rá "sin mar ata rudaí", mothaímid go bhfuil sé tábhachtach go bhforbraíonn agus go bhfreagraíonn an leabharlann d'athrú. Sea, b'fhéidir nach bhfuil bunfheidhm na leabharlann chomh hábhartha céanna do dhaoine áirithe inniu, ach tá riachtanais ag teacht chun cinn i measc na ngrúpaí seo, b'fhéidir de bharr, nó mar fo-éifeacht na laethanta ina mairimid.

Thagair go leor freagróirí sa suirbhé poiblí, agus ar fud ár gcomhairliúcháin do easpa ama, iad ró-ghnóthach nó díreach as cleachtadh mar chúiseanna gan a bheith páirteach sa leabharlann. Inár suirbhé luaigh breis is 25% 'róghnóthach' nó 'amanna oscailte mí-oiriúnacha' mar phríomhchúis nach bhfreastalaíonn siad.

Rud eile a bhain le cúrsaí ama, chualamar faoi 'am amú' agus baineann sé seo le ham braite caite ar "Drochleabhar" nó gan an rud a bhí á lorg a bheith ar fáil. "Nuair a chaillim suim sa leabharlann ar feadh tréimhse fada, mar gheall ar dhrochleabhar / drochrogha, cur amú ama, ní rachaidh mé sa seans arís agus tréigim an leabharlann ar feadh tréimhse fada". Mar a dúirt ball foirne amháin freisin: "Is é an bac is mó ná siopadóireacht ar líne. Uaireanta bíonn sé níos éasca leabhar a ordú ar líne agus é a fháil laistigh de dhá lá seachas fanacht seachtain nó dhó ar leabhar ón leabharlann."

Maidir leis seo, bhí go leor iarratas ón bpobal maidir níos mó coimeádaíochta eolais agus é a bheith déanta ar bhealach níos fearr, idir "moltaí níos éagsúla," "baill foirne ag moladh roghanna" agus "rátálacha agus léirmheasanna leabhar." Is cosúil gur réiteach amháin é seo ar dhúshlán an ama, mar is rud gnách é a bhuíochas d'innill chuardaigh agus do mhiondíoltóirí ar líne. Seo rud atá á dhéanamh ag úsáideoirí faoi láthair "Téim ar mo ghuthán/Google chun léirmheasanna ar líne a sheiceáil sula socróidh mé ar an leabhar. Caithfidh sé a bheith 4/5 agus tá 4.5 an-mhealltach" agus d'fhéadfadh deiseanna iontacha a chruthú le haghaidh rannpháirtíochta, gníomhaíocht breisluacha agus sábháil ama.

# Brí a chur inár mBailiúcháin:

## Réimsí a ndíreoimid orthu

### Coimeádaíocht Nuálaíoch:

In áit a bheith in iomaíocht le miondíoltóirí ar líne, díreoimid ar shainchoimeádaíocht seachas ar chainníocht, agus ar léargas thar scála. Tiocfaidh coimeádaíocht nuálaíoch trínár bhfoireann, ár n-úsáideoirí agus trínár gcuid taighde.

### Treoraimsiú agus freagairt don saol:

Cé go bhfuil pobail éagsúil, bíonn cuid dá n-imeachtaí saoil mar a gcéanna, cuid acu scanrúil agus cuid acu spreagúil. Is féidir linn mar leabharlann cabhrú le daoine dul i ngleic leis na himeachtaí seo, nuair a bhíonn sé de dhíth orthu. Is féidir linn a bheith níos freagrúla.

### Comhpháirtíochtaí Fiúntacha:

Neartóimid na comhpháirtíochtaí reatha agus cuirfimid tacaíocht ar fáil do straitéisí áitiúla agus náisiúnta ar féidir leo luach breise a thabhairt dár n-úsáideoirí.

### Litearthacht & Éire Shláintiúil:

Ar dtairiscintí ‘Right to Read’ agus ‘Éire Shláintiúil’ a fhorbairt.

## Rath a Bhaint Amach sna réimsí seo

- Oibriú lenár n-úsáideoirí chun a gcuid riachtanas a thuiscint agus bealaí nua a dhearadh agus a chomhchruthú chun am a shábháil dóibh, ag soláthar a bhfuil á lorg acu agus ag coimeád ár mbailiúcháin.
- Freagairt do, agus fanacht chun tosaigh ar riachtanais an phobail trí leabhair/ábhair/ oirmeacha srl a aithint agus a bheith againn a thagann le príomhimeachtaí ina saol nó a bhfuil tionchar reatha acu ar an bpobal.
- Sainriachtanais nua, choitianta an phobail a d’fhéadfadh nach dtairgimid/nó a bhfuil sé deacair a thairiscint. Comhoibriú le heagraíochtaí chun na seirbhísí seo a sholáthar. D’fhéadfadh raon a bheith i gceist ó theicneolaíochtaí cúnta agus saintrealamh caitheamh aimsire, go huirlisí cumhachta agus soláthairtí ealaíne srl.
- Leanúint ar aghaidh ag cur tacaíochtaí litearthachta ar fáil agus ag tabhairt tosaíocht leanúnach don chlár ‘Right to Read’ atá comhordaithe go náisiúnta.
- Tacófar le ‘Éire Shláintiúil i do Leabharlann’ trínár gclár imeachtaí a leathnú agus tríd an leabharlann a chur chun cinn mar fhoinse iontaofa eolais ar shláinte an phobail.
- Ár mbailiúchán (TTT) agus ár gclár imeachtaí ceiliúrtha Néar-Éagsúlacht a leathnú chun Rialú Céadfach Pearsanta (Cubbies) a áireamh agus criosú agus difreáil spásanna a mheas agus leabharlanna nua á ndearadh agus na cinn atá ann cheana féin a athfheistiú.
- Tacaíocht ardleibhéil a sholáthar chun am agus solúbthacht a thabhairt don fhoireann taighde a dhéanamh agus oibriú ar dheiseanna coimeádaíochta nuálaíocha.
- Idirphlé a thosú agus comhpháirtíochtaí a bhunú le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun seirbhísí agus luach nua a chur ar fáil dár n-úsáideoirí.
- Comhoibriú tras-bhrainse chun bealaí féideartha a cheapadh d’fhonn bailiúcháin a choimeád, léargais a roinnt agus leibhéal comhsheasmhachta a chruthú trasna na mbrainsí.
- An fhoireann a uas-scileáil i bprionsabail na nuálaíochta dírithe ar an duine agus an dearadh eispéiris chun ortadocsachtaí a cheistiú agus cineálacha cur chuige agus tionscnaimh bhríocha a fhorbairt chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Úsáideoirí a bheith páirteach inár ngníomhaíocht taighde agus ag comhchruthú seirbhísí agus eispéiris leo.
- A chinntiú go gcuirtear sláinte, folláine agus athléimneacht an phobail chun cinn trínár mbailiúcháin agus ár gcláir imeachtaí.

Réimse Forbartha **03**

# Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt

Má táimid bródúil as cá as a dtagaimid agus as na ceantair ina mairimid, cabhraíonn sé linn ár mbraistint ar cé muid féin a fhorbairt. Agus í suite i lár na bpobal, féadfaidh an leabharlann ról tábhachtach a imirt.

## Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt

Is í oidhreacht an rud atá faighte againn ón am atá thart, rud luachmhar chun taitneamh a bhaint aisti san am i láthair, agus le caomhnú agus le cur ar aghaidh chuig na glúine atá le teacht. Tá oidhreacht ag ceantar geografach atá Dheisceart Átha Cliath Theas a théann siar go dtí aimsir na réamhstaire, agus tá fianaise de sin le feiceáil fós inniu. Ag an am céanna, mar gheall ar ráta an fháis sa chontae, d'fhéadfadh na rudaí atá sa chuimhne bheo a bheith mar réamhstair dúinn. Cruthaíonn cuimhne bheo na bpobal i dTamhlacht, i gCluain Dolcáin, i Leamhcán, i mBaile Baodáin—an iomarca ann le lua—pictiúir dár mbailte, dár sráidbhailte, dár mbruachbhailte nach mbeadh inaitheanta ag na leanaí an lae inniu. Mar a dúirt freagróir amháin "is dóigh liom gur cheart tús áite a thabhairt do dhigitiú eolais agus leabhair stairiúla áitiúla chun staidéar ar stair shóisialta a éascú".

Le 60 bliain anuas, tá Baile Átha Cliath Theas athraithe ó cheantar tuaithe go ceann de na hionaid uirbeacha is mó daonra sa tír, agus tá sé ag fás i gcónaí. Sa lá atá inniu ann, inár mbailte agus inár mbruachbhailte nua, tá dúshláin ag baint le mórtas áite agus féiniúlachta a choinneáil nó a fhorbairt i gcásanna áirithe: tá struchtúir pobail agus teaghlach athraithe, agus táimid faoi go leor tionchair dhomhanda eile; athraíonn na samplaí soiléire dár n-oidhreacht ag brath ar cén ceantar sa chontae atá i gceist. Ach mar a dúirt freagróir amháin maidir le ról na leabharlainne, "tá ról ríthábhachtach aici i dtéarmaí Larionad Cultúrtha  chreatlach an Phobail". Labhair freagróirí eile faoi thábhacht na leabharlainne, ag déanamh cur síos uirthi mar "an foirgneamh is tábhachtaí i bpobal ar bith", "croílár an phobail" agus "ní hé gur díreach foirgneamh eile atá inti, is siombail í an leabharlann ar cad is féidir linn a bheith, ar cá áit as a thángamar agus tugann sé dóchas". Is éard atá ann ar fud an chontae ar fad ná scéalta agus taithí na ndaoine a mhair trí stair an Chontae le déanaí. Is cinnte go mbaineann taithí na mball nua pobail i mBaile Adaim le taithí na ndaoine siúd a tháinig go Tamhlacht sna 1960idí. Mar sheirbhís leabharlainne d'údarás áitiúil óg a bhfuil a dhaonra ag méadú agus a bhfuil meascán d'ionaid uirbeacha seanbhunaithe agus nua ann, aithníonn Leabharlanna Átha Cliath Theas a ról maidir le cabhrú lenár bpobail oidhreacht ár gcontae a chruthú chomh maith lena coimeád, chun na scéalta a chruthaíonn ár n-áiteanna a thaifeadadh agus a roinnt. Is áit í an leabharlann chun "Plé le daoine óga maidir le healaín na scríbhneoireachta ar fud gach seánra, idir fhilíocht agus phrós, chun contae de dhaoine cruthaitheacha agus pobal a bhfuil grá acu d'fhocail a chruthú"

Tá sé seo ar cheann de na láidreachtaí móra ár seirbhíse leabharlainne. Coinnítear cultúr agus cuimhne taifeadta an Chontae inár mbailiúchán staidéar áitiúil, ag cinntiú go bhfuil na hacmhainní luachmhara seo ar fáil do chách, anois agus amach anseo.

Réimse eile a ndíreofar air ná ár "n-oidhreacht nua", a ndéanaimid tagairt di sa phlean seo mar "Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt". Cruthaíonn ár ndaoine todhchaí an Chontae, agus aithnímid an tábhacht a bhaineann lena dtaithí a thaifeadadh do na glúnta atá le teacht. Tar éis dúinn a léiriú trí thionscadail ar nós "Cuimhní Covid" agus "An Stair Thart Orainn" gur féidir linn an lucht freastail do chláir oidhreachta agus do chomhfhorbairt áite a leathnú, cuirfimid lenár dtaithí, ag leathnú ár gcur chuige maidir le conas a dhéanaimid bailiúcháin agus cláir a sheachadadh. Is mór ag ár bpobal taispeántais, agus labhair siad fúthu go minic, "Is breá linn an spás taispeántais", agus "Is croílár í sa phobal do thaispeántais, imeachtaí ealaíon srl." Cruthaíonn digitiú, na meáin shóisialta agus réaltacht fhíorúil deiseanna chun na cláir seo a thabhairt beo do na glúnta óga atá seanchleachtaith ar na teicneolaíochtaí réasúnta nua seo. "Tá an oiread sin teicneolaíochta iontach amuigh ansin ar gá d'ár bpáistí (agus dúinn mar dhaoine fásta fiosracha) a bheith eolach maidir leo. D'fhéadfadh sé a bheith claochlaitheach dá mbeadh sé ar fáil do chách tríd an leabharlann".

Is í an sprioc atá againn ná cláir faoin bhrat seo a reáchtáil ar fud an Chontae trínár líonra brainse agus trí na meáin dhigiteacha, a cláir léiríonn an t-am atá thart agus a chuireann le todhchaí ár bpobal éagsúil, agus a shroicheann ár gnáthlucht freastail agus lucht freastail nua araon.

# Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt

## Réimsí a ndíreoimid orthu

### Oidhreacht Nua:

Is í oidhreacht an rud atá faighte againn ón am atá thart, rud luachmhar chun taitneamh a bhaint aisti san am i láthair, agus le caomhnú agus le cur ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht. Mar údarás áitiúil óg a bhfuil daonra atá méadú aige agus meascán de cheantair uirbeacha seanbhunaithe agus nua, aithníonn SDL a shuíomh maidir le hoidhreacht ár gcontae a chruthú agus a choimeád agus maidir le cabhrú lenár bpobail a mórtas áite a chothú agus a fhorbairt.

### Teicneolaíocht do chách:

Na deiseanna a chruthaíonn digitiú, na meáin shóisialta agus réaltacht fhíorúil a fhiosrú chun ár mbailiúcháin agus ár gcláir a thabhairt chuig lucht féachana níos leithne.

### Bailigh agus coimeád:

Ábhair a bhaineann le Contae Átha Cliath Theas agus a mhuintir a bhailiú agus a choimeád, iad a chaomhnú do na glúnta atá le teacht, agus bealaí nua a fhiosrú chun stair agus oidhreacht an chontae a chur chun cinn.

## Rath a Bhaint Amach sna réimsí seo

- Comhpháirtíochtaí a chruthú chun cláir chruthaitheacha d'ardchaighdeán a fhorbairt a dhíreoidh ar dhaoine a chur ar an eolas faoi réimsí a bhfuil tábhacht chultúir agus chruthaitheach ag baint leo. SDL a shuíomh mar thairseach do ghníomhaíochtaí cruthaitheacha laistigh den phobal.
- Tacú le healaíontóirí agus le cruthaitheoirí áitiúla trí thaispeántais uathúla agus cuidigh lena saothair a chaomhnú agus a chur chun cinn dár gcartlann. Cuirfimid béim ar oibreacha a bhaineann lenár sprioc-réimsí beartaithe.
- Fiosróimid deiseanna maidir le bheith ag obair le húdair agus le healaíontóirí áitiúla chun a saothar a fhoilsiú ar scála beag.
- Fiosróimid deiseanna chun níos mó sainsaoráidí a chruthú do chineálacha éagsúla tionscnamh cruthaitheach. D'fhéadfadh go mbeadh gá le spásanna níos inoiriúnaithe (dromchlaí inchuimlithe le haghaidh gníomhaíochta ealaínbhunaithe, stóráil ceardaíochta, trealamh agus spás taifeadta le haghaidh podchraoltaí, srl.)
- Foinsí maoinithe a chruthú agus a aithint chun cáilíocht agus rath na réimsí seo a chinntiú.

Réimse Forbartha **04**

# Ár Spásanna Fisiciúla agus Fíorúla a Athnuachan

Tá riachtanais spásúla agus fhíorúla ár mball ag athrú agus tá ár neamh-úsáideoirí ag roghnú roghanna eile atá níos tarraingtí. Ní mór dúinn oibriú lenár mbaill agus lenár bpobal chun a chinntiú go bhfuil ár spásanna ní hamháin compordach, feidhmiúil agus tarraingteach, ach go bhfuil siad dea-mhaisithe freisin agus go léireoimid go n-éistimid le agus go dtuigimid riachtanais ár bpobal éagsúil.

## Suite ar imeall 'cool', ach níl siad go baileach ar fad ann

Tá ról uathúil agus tábhachtach ag an leabharlann inár bpobail, agus cáilíochtaí aici nach bhfuil aon seirbhís phoiblí eile. Is áiteanna "léargais," "éalaithe," "inspioráide" agus "teagmhála" iad leabharlanna ach thar aon rud eile is leabharlanna "do na daoine", gach duine iad.

Mar a luadh i léargais agus dúshláin roimhe seo, cé go bhfuil an leabharlann ann do chách, tá cuid mhór den phobal nach n-úsáideann í, go háirithe déagóirí agus daoine fásta óga. Trínár dtaighde, tá sé aimsithe againn gur minic a tharlaíonn sé seo toisc go bhfuil rochtain éasca acu cheana féin ar níos mó ábhar ná mar a theastaíonn uathu, go bhfuil siad líonraithe go maith ach thar aon rud eile, níl leabharlann an lae inniu chomh hábhartha leo. "Seachas an bosca iasachta, níl an leabharlann ar mo radar ar chor ar bith. Ní fheicim fógraí, ní chloisim faoi imeachtaí, ní chloisim daoine ag caint faoi i ndáiríre. Tá a fhios agam ... tá a fhios againn go léir go bhfuil si ann, go bhfuil sí oscailte agus go bhfuil sí saor in aisce, ach níl sí tarraingteach!"

Tá na torthaí seo ag teacht salach ar an bhfíric go molann roinnt de na haisteoirí, figiúir phoiblí agus ceoltóirí "is cooláilte" ag moladh leabharlanna mar chatalaígh, mar bhéithe agus mar thearmainn. Tá fíorchreidiúnacht comhshaoil ag leabharlanna freisin agus roinneann siad cáilíochtaí tábhachtacha maidir le cúram ár n-óige, mar a dúirt neamhúsáideoir eile; "Dom féin, is rudaí iad a chuirim an-luach iontu leabhair, léitheoireacht, an fhírinne agus an pobal - tá mo chairde go léir mar an gcéanna. Cé go bhfuil sé seo go léir agus níos mó ag an leabharlann ... ...(ligeann siad duit fiú éalú ón neo-liobrálachas!). Ba chóir go mbeadh siad plódaithe, ba chóir dom a bheith ag iarraidh a bheith ann ach ar chúis éigin mothaíonn an leabharlann leamh, dátaithe...díreach neamh'cool'". Tá leabharlanna, suite ar imeall 'cool', ábhartha, ach níl ag éirí leo. Cad a tharlóidh dá ndéanfadh an leabharlann iarrachtaí a bheith níos ábhartha? Tá go leor de na daoine a labhraíomar leo agus a chonaiceamar iad ag siúl thar leabharlanna chun dul go dtí siopaí caife, a fheictear orthu mar "Díreach níos compordaí. Tá an ceann is mó a théim chuige 'an-cool' agus tá atmaisféar iontach ann. Ní bhaineann sé seo leis an gcaife i ndáiríre, is é an spás atá ann, is é an tuiscint atá ann ná conas a mhothaíonn sé bheith ar do shuaimhneas agus sona."

Táimid anois sa 'Geilleagar Eispéiris', ag dul isteach sa gheilleagar sóisialta, áit a éilíonn daoine rudaí breise. Má theastaíonn uainn go dtiocfaidh na daoine sin tríd ár ndoirse, más mian linn go ndéanfaí caint fúinn agus más mian linn tionchar níos leithne agus níos fadtéarmaí a bheith againn orthu, ní mór dúinn a bheith 'cooláilte.' Caithfimid éirí níos ábhartha.

## Ag iarraidh gach duine a shásamh

Sea, tá an leabharlann daonlathach, oscailte do chách, agus mar chuid thábhachtach den phobal, ach an bhfuilimid ag iarraidh gach duine a shásamh? Ní mór dúinn an cheist a chur, ag an bpointe seo dár stair, cé uathu a bhfuilimid ag teastáil, cé is féidir an tairbhe is mó a bhaint asainn agus cad is féidir linn a dhéanamh chun a bheith níos ábhartha dóibh?

Ní mór dúinn freisin ceist a chur orainn féin an bhfuil daoine míshásta mar thoradh ar ár n-iarrachtaí gach duine a shásamh. Mar a dúirt an t-údar Garr Reynold tráth "Má tá gach rud tábhachtach, níl aon rud tábhachtach. Má tá gach rud ina thosaíocht, ansin níl aon rud ina thosaíocht."

Ar fud ár dtaighde ar fad, tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn arís is arís eile, go háirithe saincheisteanna maidir le torann agus éilimh ar spásanna a bheith "scartha," "deighilte," nó "tiomanta". Is ceist mhór i measc na foirne agus na n-úsáideoirí fásta é torann "tá an torann thar a bheith uafásach. Páistí ag screadaíl agus na daoine fásta go léir ag labhairt os ard agus is cosúil go bhfuil siad ag caitheamh leis an spás mar ionad cúraim leanaí agus tá sé áiféiseach! Tá sé an-deacair léamh nó díriú ar staidéar." Mhol daoine eile go bhfuil an iomarca imeachtaí do pháistí "Cé gur spás iontach í an leabharlann do gach ball den phobal, braithim é ró-thorannach uaireanta nuair a bhíonn imeachtaí leanaí ar siúl i bpríomhspás na leabharlainne agus mise ag iarraidh léamh" agus é "[an leabharlann] ag éirí níos mó ina creche, ionad pobail, clós súgartha agus uaireanta timpeallacht fhéile. Rud nach bhfuil go maith."

Maidir leis seo, bhí go leor glaonna ann go ndéanfaí spás a chur ar leataobh do leanaí "limistéar ar leith do leanaí mar go ndéanann leanaí agus tuismitheoirí an iomarca torainn!" agus do dhaltaí atá ag iarraidh a bheith ag obair agus ag staidéar "le limistéar staidéir oiriúnach a dhearadh...le linn na scoilbhliana is céatadán mór dár bpátrúin iad na scoláirí agus braithim gur ar chaighdeán an-íseal iad na háiseanna a chuirtear ar fáil dóibh." Níl aon cheist ach go gcaithfimid páistí a mhealladh chun na leabharlainne agus an spás a dhéanamh taitneamhach. Mar sin féin, amach anseo ní mór dúinn iarrachtaí a dhéanamh an leabharlann a chur in oiriúint ionas go mbeidh sí compordach do chách. Ní mór dúinn é seo a mheas agus brainsí nua á ndearadh, agus obair á déanamh ar bhrainsí atá ann cheana féin agus ní mór dúinn bealaí cruthaitheacha a fhiosrú chun gach brainse a dhéanamh compordach agus feidhmiúil do raon leathan úsáideoirí.

# Ár Spásanna Fisiciúla agus Fíorúla a Athnuachan:

## Réimsí a ndíreoimid orthu

### An leabharlann mar thríú+ spás:

Is 'tríú áit' í an leabharlann cheana féin (spás sóisialta ar leith taobh amuigh den bhaile agus den ionad oibre). Tháinig athrú ar ionchais i measc na bpríomhdhéimeagrafaic agus caithfidh na spásanna seo anois níos mó feidhme, atmaisféar agus gnéithe "instagramúla" agus aeistéitic níos fearr a ofráil. Tá deis ann réimsí dár leabharlanna a athrú go háiteanna ar mian le daoine a bheith, ar mian leo a bheith feicthe iontu agus ar mian leo a roinnt. Tugaimid an Tríú+Spás air seo mar go ofrálann sé spásanna nach féidir le spásanna cosúil linn a ofráil - ár seirbhísí leabharlainne uathúla agus luachmhar agus ár saineolas.

### Compord Spriocdhírithe

Úsáideann raon éagsúil daoine a bhfuil riachtanais éagsúla acu ár leabharlann. Cé go bhfuil sí athraithe le blianta beaga anuas go dtí an cineál áite at a inti inniu, tá gá anois le hathmhachnamh a dhéanamh ar an bhfuil ár mbrainsí ag soláthar na feidhmiúlachta agus an chompoird a theastaíonn chun ligean do gach úsáideoir gach a bhfuil siad ag iarraidh a dhéanamh sa timpeallacht cheart.

## Rath a Bhaint Amach sna réimsí seo

- Leabharlanna nua a bhunú ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae (2022-2028): Baile Adaim agus Iarthar na Cathrach, agus athbheochan Chluain Dolcáin. Trí infheistíocht leanúnach i seirbhísí leabharlainne, tacóimid le comhfhorbairt áite sláintiúil agus le gluaiseacht inbhuanaithe.

- Uaireanta oscailte breise a sheachadadh trí Mo Leabharlann Oscailte a chur ar fáil, i na deiseanna go léir chun seirbhísí leabharlainne a sholáthar i gcineálacha éagsúla foirgneamh, méid agus suíomh a fhiosrú.

- Spásanna tarraingteacha, compordacha agus "nuálacha" a chruthú laistigh dár mbrainsí. Tá dhá ghné ag baint lena gcuid oibre: ar an gcéad dul síos, beidh siad ina n-áiteanna compordacha le scíth a ligean, le labhairt agus le léamh, agus ar an dara dul síos, beidh siad lárionad inbhraite chomh maith le lárionad digiteach. Cabhróidh sé seo le hiarrachtaí margaíochta agus brandála.

- Bealaí a dhearadh le go mbeidh raon iomlán na n-úsáideoirí leabharlainne reatha agus as seo amach ar a gcompord ag déanamh cibé rud a dtagann siad go dtí an leabharlann le déanamh. I measc na rudaí seo bheadh cluasáin díthorainn a thairiscint agus spásanna nuálacha staidéir a sholáthar nó tionscnaimh agus criosanna compoird spriocdhírithe a fhorbairt.

- Oibreoimid i gcomhar le spriocdhéimeagrafaic, le dearthóirí, le hailtirí áitiúla agus le hailtirí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas chun réitigh chruthaitheacha atá inmhianaithe agus tarraingteach dár gcustaiméirí, atá indéanta ó thaobh teicniúil de agus atá inmharthana go hairgeadais a aithint.

- Cúram a thabhairt do ghrúpaí oibre brainse agus idirbhrainse aeistéitic / breisithe / teicneolaíochtaí féideartha (ionsú fuaime, caife, feistis, etc.) a aithint a ligfidh don spás seo freastal ar riachtanais shainaitheanta agus a chruthóidh atmaisféar mealltach. Tacaíocht a thairiscint do bhrainsí agus torthaí foghlama a roinnt a chuideoidh leis an bhfoireann na spásanna agus an t-atmaisféar ceart a chruthú d'úsáideoirí.

Réimse Forbartha **05**

# Ár bhFoireann a Chumasú & a Chumhachtú:

Is iad ár bhfoireann an tsócmhainn is luachmhaire atá againn agus an comhéadan idir an pobal agus na seirbhísí luachmhara a chuirimid ar fáil. Tá an t-ádh orainn go bhfuil siad tiomanta dá ndéanann siad, ach caithfimid a chinntiú go bhfuil an t-am agus an tacaíocht acu chun tabhairt faoi thionscadail a bhaineann an leas is fearr as a scileanna agus a chuireann luach lenár bpobal.

## Lucht saothair atá réidh, toilteanach agus…ag fanacht

Bunaithe ar thorthaí ár suirbhé, tá cuid de na baill foirne is tiomanta agus is sona san earnáil phoiblí ag obair leis an leabharlann. Nuair a rinneadh suirbhé orthu, dúirt 91% de na freagróirí go n-aontaíonn siad nó go n-aontaíonn siad go láidir go bhfuil siad bródúil as a bheith ag obair i Leabharlanna Átha Cliath Theas. Tugann sé seo, in éineacht leis an bhfíric go bhfuil foireann na leabharlainne tiomanta do bheith ag obair leis an bpobal agus ag freastal air, le tuiscint go bhfuil foireann Leabharlann Átha Cliath Theas réidh agus toilteanach dul sa bhearna bhaoil agus ról gníomhach a ghlacadh i gcinntiú go n-éireoidh leis an bplean forbartha seo.




Fíor 4. Néal focal den suirbhé foirne

Léirigh an suirbhé foirne freisin go bhfuil foireann SDL cruthaitheach agus nuálaíoch, le 78% de na freagróirí ag aontú nó ag aontú go láidir go bhfuil siad cruthaitheach agus 72% ag aontú nó ag aontú go láidir go bhfuil smaointe acu a chuideodh le seirbhísí a fheabhsú nó le baill nua a mhealladh. Aithníonn baill foirne na dúshláin chomh maith, agus 37% ag easaontú nó ag easaontú go láidir go bhfuil a ndóthain á ndéanamh ag Leabharlanna Átha Cliath Theas leis an luach a léiriú ar fud an phobail.

Tá an díograis , na scileanna agus an fuinneamh ag an bhfoireann chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus tá siad in ann réitigh nuálacha agus chruthaitheacha a aimsiú. Mar sin féin, ní mór an chumarsáid ar fud na bhfoirne, na mbrainsí agus na ceannaireachta a fheabhsú ionas go mothaíonn siad níos rannpháirtí agus níos cumasaithe, "Braithim nach bhfuilim coinnithe ar an eolas ná eolach ar thionscadail atá ag tarlú / pleanáilte, ach ag an am céanna mothaím faoiseamh mar is dóigh liom nach bhfuil am ná fuinneamh agam le tabhairt do thionscadail nua."

Ní mór dúinn bealaí a aithint chun am thabhairt dár bhfoireann bheith ag obair ar thionscadail bhríocha, chun iad a chumasú agus a uas-sciliú d'fhonn tionscnaimh a thriail agus a stiúradh, rudaí a fheabhsóidh ár mbrainsí agus a chuideoidh lenár bpobail agus leis an tsochaí.

## Is breá le baill foirne leabharlanna, is breá le baill leabharlanna

Tá muinín ag an bpobal as an leabharlann agus ardmheas uirthi. Nuair a chuireamar ceist orthu an mbeadh siad ag moladh an leabharlann do chara, ba é an freagra iontach a fuaireamar na go molaidís! Is breá leis an bhfoireann a bheith ag obair inti freisin, mar sin cá bhfuil gach duine agus cé hiad tacadóirí na leabharlann? Is gnách linn easpa cumarsáide nó margaíochta a mheas mar chúiseanna ar easpa rannpháirtíochta, ach b'fhéidir go bhfuil níos mó i gceist? Tá margaíocht úsáideach chun daoine a mhealladh chun rudaí a iarraidh, ach cruthaíonn an dearadh rudaí a theastaíonn ó dhaoine. Léiríonn ár dtaighde dúinn go bhfuil bearna feasachta ann ach go bhfuil bearna idir mhéid a chuirimid ar fáil agus cad a theastaíonn ó dhaoine.

Léirigh cuid mhór dár dtaighde fadhbanna leis na meáin shóisialta agus cumarsáid margaíochta. Chuir go leor daoine an milleán orthu seo mar chúis gan a bheith in ann daoine a mhealladh tríd na doirse. D'éiligh freagróirí go ndéanfaí níos mó bolscaireachta, agus go mbeadh an bholscaireacht níos fearr agus níos leithne, mar a dúirt freagróir amháin "tá níos mó fógraíochta ag teastáil uainn ná mar atá acu, oibríonn mo chara ann agus níor thuig mé riamh cad iad na seirbhísí a chuireann siad ar fáil m.sh. closleabhar, irisí srl. Anois b'fhéidir go rachaidh mé inti. " Is léir go bhfuil neamhréir idir an méid a chuirtear ar fáil agus a bhfuil ar eolas ag an bpobal atá ar fáil, mar sin ní mór an chumarsáid a fheabhsú. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanann an leabharlann níos mó chun tuiscint a fháil ar riachtanais a gcuid custaiméirí. Mar shampla, inár suirbhéanna foirne agus poiblí, d'fhiafraigh muid "Cad iad na príomhchúiseanna a dtéann daoine chuig an leabharlann?" Díol spéise é go raibh bearna shuntasach idir na freagraí;

Deir 71% d'úsáideoirí gurb é An raon leabhar atá inti Ceapann 51% den fhoireann gurb é An raon leabhar atá inti

Deir 31% d'úsáideoirí gurb iad na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí atá inti Ceapann 78% den fhoireann gurb iad na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí atá inti

Deir 32% d'úsáideoirí go bhfuil sí ann 'chun eolas nua a fháil' Ceapann 9% den fhoireann go bhfuil sí ann 'eolas nua a fháil'

Bhí na bearnaí seo léirithe ar fud an taighde agus léiríonn siad go bhfuil gá againn am a chaitheamh ag ceistiú cad a dhéanaimid chun a chinntiú nach bhfuilimid ag gníomhú bunaithe ar ár dtuairimí ach ar fhíricí. Ní mór dúinn freisin am a chaitheamh ag déanamh taighde úsáideoirí trí agallaimh duine le duine, trí cheardlanna agus trí chomhchruthú seirbhísí. Léirigh go leor freagraí sa suirbhé foirne go raibh gá le "dul amach sa phobal níos mó agus gan fanacht leis an bpobal teacht chuig an Leabharlann" agus b'fhéidir go gcruthódh sé seo deis léargas agus tuiscint a bhailiú nach féidir linn a fháil laistigh dár mbrainsí.

# Ár bhFoireann a Chumasú & a Chumhachtú:

## Réimsí a ndíreoimid orthu

### Nuálaíocht & feabhsú

Tá ár bhfoireann cruthaitheach, báúil agus paiseanta faoina róil agus faoi fhreastal ar an tsochaí. Tá na luachanna seo ag teacht le cáilíochtaí nuálaithe atá duinedhírithe agus cruthaíonn siad deiseanna ollmhóra chun ár seirbhísí a fheabhsú, chun éifeachtúlachtaí a chruthú agus chun ár bhfoireann a chumhachtú. Tagann se seo freisin lenár straitéis Ár Seirbhís Phoiblí 2020 agus le straitéis Athnuachan na Státseirbhíse 2030 agus leis na Prionsabail Dearaidh don Rialtas in Éirinn a foilsíodh le déanaí.

### Dul amach sa Phobal

Buailfimid lenár bpobal san áit a bhfuil siad, agus tapóimid an deis ní amháin chun seirbhísí na leabharlainne a chur chun cinn, ach chun léargas agus tuiscint a bhailiú ar riachtanais ár n-úsáideoirí. Sna cúig bliana atá romhainn ní mór dúinn ní hamháin ár seirbhísí a dhearadh a dhéanamh don phobal, ach ár seirbhísí a dhearadh leis an bpobal.

### An Ghaeilge

Meitheal oibre tras-líonra a bhunú chun feabhsuithe ar sheachadadh seirbhísí i nGaeilge a chur chun cinn agus a thacú.

## Rath a Bhaint Amach sna réimsí seo

- Clár nuálaíochta ardtionchair a fhorbairt atá saincheaptha do nuálaíocht leabharlainne. Úsáidfimid torthaí an chláir seo chun tonnadóir nuálaíochta agus feabhsúcháin seirbhíse a chruthú faoi phríomhréimsí forbartha an phlean seo. Tacófar le nuálaíochtaí inmharthana agus cuirfear i bhfeidhm iad sna 5 bliana amach romhainn.

- Mar chuid dár dtiomantas do chomhchruthú agus do nuálaíocht atá duinedhírithe, úsáidfimid ár n-áit sa phobal chun tuilleadh deiseanna for-rochtana agus comhoibrithe a shainaithint.

- Cuirfimid meitheal oibre tras-líonra ar bun chun feabhsuithe ar sheachadadh seirbhísí i nGaeilge a chur chun cinn agus a thacú.

- Aithneoimid comhpháirtithe oiriúnacha chun tógáil cumais um nuálaíocht dearaidh ardtionchair a bhaint amach. Cabhróidh siad linn clár a dhearadh a thagann le spriocanna na leabharlainne, a ligeann don fhoireann go léir a bheith rannpháirteach, agus a thugann am don fhoireann obair thaighde a dhéanamh agus tograí seirbhíse, próisis agus nuálaíochta eispéiris a fhorbairt. Beimid tiomanta do smaointe ardacmhainneachta a thagann chun cinn a thástáil agus a phíolótú, agus tabharfaimid am agus spás don fhoireann ábhartha chun oibriú orthu.

- Cuirfimid ar chumas na foirne leas a bhaint as deiseanna oiliúna sa Ghaeilge chun úsáid na teanga a spreagadh i ngach gné de sholáthar seirbhíse.

- Oibreoimid le scoileanna agus le hOllscoileanna áitiúla chun deiseanna breisoiliúna Gaeilge a chur ar fáil don fhoireann.

# Bí páirteach

De ghnáth, cuirtear pleananna forbartha i bhfeidhm thar thréimhse roinnt blianta gan mórán teagmhála leanúnach leis an bpobal ná leis an bhfoireann. Mar thoradh air sin, b'fhéidir nach bhfanfaidh an straitéis fós ábhartha nó chomh héifeachtach le himeacht ama. Chun aghaidh a thabhairt air seo, tá sé mar aidhm ag an bhforbairt "Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí" leanúint den teagmháil leis an bpobal agus leis an bhfoireann ar feadh an phróisis forfheidhmithe trí shraith ceisteanna idirghníomhacha bunaithe ar thorthaí taighde.

Tá cúig phríomhréimse aitheanta sa phlean forbartha seo, mar aon le ceisteanna gaolmhara. Cabhróidh smaointe agus moltaí a bhaileoimid ar na gnéithe seo den phlean lena chinntiú go bhfanann an straitéis ábhartha agus éifeachtach.

Ina theannta sin, is féidir le haiseolas rialta ón bpobal agus ón bhfoireann cabhrú le haon dúshláin nó saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn cur i bhfeidhm an phlean a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, rud a éascóidh feabhas leanúnach agus mionchoigeartú na straitéise.

Is féidir le baill den phobal rochtain a fháil ar an tairseach aighneachta smaointe tríd an nasc atá ar fáil nó tríd an gcód QR a scanadh lena bhfón cliste. Déanfaidh an fhoireann SDL athbhreithniú go rialta ar aighneachtaí.

## Réimse Forbartha 01

## Ár bPobal a Leathnú:

### Ceist is gá dúinn a chur

C: **Conas a d'fhéadfaimis** déagóirí agus daoine óga a mhealladh, fiú iad a spreagadh le dul isteach sa leabharlann agus fíorluach a bhaint ón méid a dhéanaimid?

Chun do mholtaí a chur isteach, déan an cód seo a scanadh nó lean an nasc seo.

**https://forms.office.com/e/vwXug08zt6**

## Réimse Forbartha 02

## Brí a chur inár mBailiúcháin:

### Ceist is gá dúinn a chur

C: **Conas a d'fhéadfaimis** seirbhísí agus eispéiris a chruthú atá chomh fónta gur mian le daoine iad a roinnt agus páirt a ghlacadh iontu?

Chun do mholtaí a chur isteach, déan an cód seo a scanadh nó lean an nasc seo..

**https://forms.office.com/e/e1XggkFi4Q**

## Réimse Forbartha 03

# Ár Scéalta a Roinnt, Ár nÁiteanna a Chomhfhorbairt

### Ceist is gá dúinn a chur

C: **Conas a d'fhéadfaimis** athmhachnamh a dhéanamh ar ár seirbhísí chun am a shábháil do dhaoine agus é a dhéanamh níos fusa nó níos tapúla dóibh luach a fháil uainn?

Chun do mholtaí a chur isteach, déan an cód seo a scanadh nó lean an nasc seo.

**https://forms.office.com/e/WHBwxNQ7Ej**

## Réimse Forbartha 04

# Ár Spás Fisiciúil & Fíorúil a Athnuachan

### Ceist is gá dúinn a chur

C: **Conas a d'fhéadfaimis** an chiontacht a mhothaíonn daoine atá ag smaoineamh ar dhul isteach sa leabharlann nó cuairt a thabhairt uirthi a mhaolú trí mhalartú bríoch de chineál éigin a incheapadh?

C: **Conas a d'fhéadfaimis** an imní a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine faoin leabharlann a shárú agus an leithscéal sin a bhaint?

Chun do mholtaí a chur isteach, déan an cód seo a scanadh nó lean an nasc seo.

**https://forms.office.com/e/P9pikiCAXW**

## Réimse Forbartha 05

# Ár bhFoireann a Chumasú & a Chumhachtú:

### Ceist is gá dúinn a chur

C: **Conas a d'fhéadfaimis** ár dtairiscintí a dhearadh chun go n-oibreoidh siad níos deacra dúinn ionas go bhfeicfeadh na daoine cearta iad ag an am ceart?

Chun do mholtaí a chur isteach, déan an cód seo a scanadh nó lean an nasc seo.

**https://forms.office.com/e/sTy3yRDsfA.**



# Próiseas Comhairliúcháin

Chuimsigh ullmhú Phlean Forbartha Leabharlann Átha Cliath Theas 2023 - 2027 comhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear úsáideoirí agus neamh-úsáideoirí na seirbhíse, foireann na leabharlainne, ranna eile laistigh de Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus grúpaí pobail.

Baineadh úsáid as cur chuige deartha Duinedhírithe d'fhonn a chinntiú go raibh riachtanais úsáideoirí ag croílár an phróisis agus go raibh na seisiúin chomhairliúcháin mealltach agus bhfuaireamar siad léargas luachmhar uathu.



# Cur Chuige Stiúrtha ag Dearaidh

Is minic go mbraitheann rath an tionscadail ar thuiscint foirne agus ar léirmhíniú ar na fadhbanna atá le réiteach. Tarlaíonn an chuid is mó de theipeanna tionscadail mar thoradh ar thionscadal a thosú le boinn tuisceana míchearta faoin úsáideoir, faoin bhfadhb nó faoin réiteach.
Ar an láimh eile, is minic a n-éiríonn le tionscadail de bharr tumadh domhain neamhchlaonta ar an bhfadhb agus tuiscint níos cruinne ar riachtanais an úsáideora. Sna cásanna seo breathnaítear ar riachtanais chustaiméirí neamhchomhlíonta agus neamhráite agus iompraíochtaí ceilte agus nochtar léargais bhríomhara.

Don phlean forbartha seo ghlacamar le cur chuige stiúrtha ag dearadh chun tuiscint a fháil ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá roimh Leabharlanna Átha Cliath Theas chun úsáideoirí a ghríosadh agus a mhealladh. Tosaíonn cur chuige stiúrtha ag dearadh le daoine agus le ham a chaitheamh leo san áit ina bhfuil siad. Tagann cur chuige stiúrtha ag dearadh i leith an phlean forbartha seo leis na Prionsabail Dearaidh don Rialtas in Éirinn  a d'fhoilsigh Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe le déanaí. Déanann an foilseachán seo cur síos ar chur chuige dearaidh mar;

> **"comhbhá agus tuiscint ar riachtanais agus imthosca athraitheacha daoine a fhorbairt trí labhairt go díreach leis na daoine a bhfuilimid ag dearadh dóibh. Ag úsáid as na léargas sin, déantar réitigh fhéideartha a shamhlú, a fhréamhshamhlú agus a thástáil le daoine féachaint an bhfuil comhréiteach réiteach idir an rud atá inmhianaithe i ndáiríre (an gcomhlíonann sé a gcuid riachtanas?), cad atá inmharthana (an bhfuil ciall eacnamaíoch leis?) agus cad atá indéanta (an bhfuil sé indéanta go teicniúil?). Cuirtear an fhoghlaim i bhfeidhm ansin chun táirgí agus seirbhísí dea-mheasta a fhorbairt agus a sheachadadh".**

Prionsabail Dearaidh don Rialtas in Éirinn (2022) – An Rionn Caiteachas Phoiblí & Athchóirithe

Is toradh ar thaighde dearaidh 6 mhí na torthaí atá leagtha amach sa phlean forbartha seo. Ar fud an taighde seo, úsáideadh uirlisí agus teicnící éagsúla chun comhráite níos fearr le daoine a éascú trí roinnt formáidí taighde éagsúla. Ar an gcéad dul síos bhí sé tábhachtach macrathuiscint a fháil ar an gcóras leabharlainne ar dtús. Rinneadh taighde deisce, mar aon le ceardlanna scóipe agus agallaimh le foireann na leabharlainne agus leis an gceannaireacht. Chabhraigh an obair seo linn dúshláin ardleibhéil agus deiseanna le haghaidh fiosrúcháin níos doimhne a aithint.

Ba léir ónár dtaighde tosaigh, cé nach mbeadh aon fhadhb ann úsáideoirí gníomhacha reatha a aimsiú chun agallaimh agus suirbhé a dhéanamh orthu, go mbeadh sé níos dúshlánaí daoine nach n-úsáideoirí iad agus úsáideoirí ionchasacha amach anseo a aimsiú. Toisc go raibh fonn ar an gceannaireacht líon na n-úsáideoirí gníomhacha a mhéadú agus a chinntiú go raibh raon iomlán daoine ón bpobal ag baint leasa as na seirbhísí leabharlainne, dearadh ár gcur chuige taighde d'fhonn a chinntiú go raibh a nglórtha le sonrú tríd síos.

Ar an gcéad leathanach eile tugaimid sonraí ar chuid den obair a rinneadh san fhorbairt seo ar phlean 2023 - 2027.




Fíor 5. Prionsabail Dearaidh don Rialtas in Éirinn

## Seisiúin Chomhairliúcháin Brainse

Bhí sé ríthábhachtach dul amach chuig brainsí agus bualadh leis an bhfoireann agus leis an bpobal chun tuiscint a fháil ar na dúshláin, chun cultúr na brainse a fheiceáil agus chun na scéalta a chloisteáil ón bhfoireann agus ó na baill. San iomlán, reáchtáladh 8 seisiún comhairliúcháin. Reáchtáladh an chéad dá cheann le foireann na leabharlainne, agus reáchtáladh na 6 cinn eile i leabharlanna Chaisleán Thigh Motháin, NCL, Bhaile Ruáin, Chluain Dolcáin, Thamhlachta agus Leamhcáin. Bhí cur chuige difriúil ag gach seisiún, agus úsáideadh cleachtaí éagsúla agus téamaí pléite chun aiseolas a bhailiú.

Dhírigh gach seisiún ar théama difriúil bainteach le gníomhaíocht leabharlainne. Thar gach seisiún dhá uair an chloig, chuaigh grúpa éagsúil rannpháirtithe i mbun cleachtaí plé agus machnaimh saindeartha.



Fíor 6: Seisiún comhairliúcháin le baill de leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh

## Suirbhé Foirne

Forbraíodh suirbhé foirne agus dáileadh é ar gach ball foirne lena chomhlánú. San iomlán bhí 46 freagróir ó ar fud an líonra SDL. Ceapadh an suirbhé chun mionanailís a dhéanamh ar a dtuiscint ar chuspóir na leabharlainne, ar a n-inspreagadh féin chun bheith ag obair sa leabharlann, ar na rudaí is mó a bhfuil siad bródúil astu agus ar cheisteanna ginearálta maidir le cad dar leo a bhí agus nach raibh ag obair.

## Suirbhé Poiblí

Forbraíodh suirbhé poiblí digiteach agus roinneadh é ar gach cainéal meán sóisialta na leabharlainne. Mar aon leis seo agus chun freastal daoine nach raibh rochtain acu ríomhaire, cruthaíodh an suirbhé céanna i bhfoirm cóip chrua. Ar an iomlán bhí 854 freagra, 573 freagra digiteach agus 281 ar pháipéar.

## Agallaimh Neamhúsáideoirí

Chun glór agus tuairimí na neamhúsáideoirí a chloisteáil, rinneadh agallaimh leathstruchtúrtha le 12 duine thar raon catagóirí aoise. Ba dhaoine iad seo atá ina mbaill de leabharlann nach mbíonn inti go rialta, daoine nár thug cuairt ar leabharlann riamh agus daoine nach raibh i leabharlann le blianta fada.

Reáchtáladh na hagallaimh i bhformáid leath-struchtúrtha, agus ceisteanna deartha chun na cúiseanna is doimhne neamhfreastail a fhiosrú chomh maith leis na cúiseanna le spásanna eile a roghnú chun a gcuid ama saor a chaitheamh/leabhair agus cineálacha eile meán a rochtain.

Rinneadh na hagallaimh seo a réamheagrú le daoine aitheanta nó b'agallaimh iad le daoine a sainaithníodh le linn obair fiosrúcháin chomhthéacsúil.

.


## Fiosrúchán Comhthéacsúil

Is éard atá i gceist le fiosrúchán comhthéacsúil ná cineál staidéir eitneagrafaíochta allamuigh a chuimsíonn mionbhreathnú agus agallaimh le sampla beag úsáideoirí chun tuiscint láidir a fháil ar chleachtais agus ar iompraíochtaí oibre. Mar chuid den taighde seo, sainaithníodh siopaí caifé, go háirithe iad siúd atá gar do leabharlanna poiblí, mar méithshuíomh le haghaidh imscrúdaithe. Rinne ár dtaighdeoirí ár bhfiosruithe freisin lasmuigh de bhrainsí le daoine nach raibh fonn orthu dul isteach sa leabharlann.

Chomh maith leis an timpeallacht, le gníomhaíochtaí agus le hiompar breathnaithe, tosaíodh comhráite le daoine aonair, dírithe go príomha ar an bhfáth ar roghnaigh siad siopa caife thar leabharlann, cad chuige a n-úsáideann an timpeallacht agus cad iad na cáilíochtaí atá aige nach bhfuil ag an leabharlann.

## Anailís Théamúil

Ar fud an taighde go léir, bailíodh cuid mhór sonraí. Rinne an fhoireann taighde athbhreithniú ar na sonraí seo agus shórtáil siad iad de réir roinnt téamaí. Baineadh úsáid as cur chuige analógach agus anailís dhigiteach araon ag baint úsáide as bogearra comhoibrithe Miro le linn an phróisis. Pléadh téamaí le ceannaireacht SDL agus rinneadh príomhléargais agus dúshláin a chur le chéile agus a scríobh amach.




Fíor 7: Mír de bogearra Miro ag déanamh anailíse ar chomhairliúchán



**ISBN XXXX**

**Lean muid ar:**

Leabharlanna Átha Cliath Theas
Leabharlanna CCÁCT

**Le haghaidh tuilleadh fiosrúchán déan teagmháil le:**

Oifig Forbartha Leabharlanna Átha Cliath Theas libdevoff@sdublincoco.ie